2026/2060

15.9.2026

CINNEADH (AE) 2026/2060 ÓN gCOMHAIRLE

an 20 Samhain 2025

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin a mhéid a bhaineann le glacadh an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, Airteagal 100(2) agus Airteagail 207 agus 209, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ([1]) ('an Comhaontú') i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/104 ([2]) ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

(2) D'fhonn cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe a éascú, chomhaontaigh na Páirtithe Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a bhunú ina liostaítear tosaíochtaí dá gcuid oibre comhpháirtí arna miondealú de réir earnála.

(3) Leagfar amach sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin cuspóirí nithiúla don chomhar idir an tAontas agus an Airméin, agus iad roinnte ina dtosaíochtaí gearrthéarmacha (3-4 bliana) agus ina dtosaíochtaí meántéarmacha (7 mbliana). Díreofar sna gníomhaíochtaí tosaíochta ar fhorbairt eacnamaíoch agus éagsúlú eacnamaíoch a chur chun cinn, ar ailíniú rialála a fheabhsú agus ar athléimneacht na hAirméine a neartú ar fud na n-earnálacha uile.

(4) De bhun Airteagal 362(6) den Chomhaontú, údaraítear an Chomhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin ('an Chomhairle Comhpháirtíochta') moltaí a dhéanamh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(5) Tá an Chomhairle Comhpháirtíochta le moladh maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a ghlacadh go pearsanta sa chéad chruinniú eile dá cuid nó trí nós imeachta i scríbhinn.

(6) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag an moladh atá beartaithe.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bhunú, ós rud é go bhfuil sé beartaithe go mbeidh an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin ina bhonn le clársceidealú chúnamh an Aontais, lena n-áirítear clársceidealú faoin Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda, a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]).

([1]) IO L 23, 26.1.2018, lch. 4, ELI: h ttp://data.europa.eu/eli/agree_internation/2018/104/oj).

([2]) Cinneadh (AE) 2018/104 ón gComhairle an 20 Samhain 2017 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Chuimsithigh Fheabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile (IO L 23, 26.1.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/104/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta a bheith bunaithe ar an dréachtmholadh atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin, beidh sé bunaithe ar an dréachtmholadh ón gComhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Samhain 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

K. KALLAS

MOLADH Uimh. 1/2025

ÓN gCOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN AIRMÉIN

an 1/12/2025

maidir leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin

TÁ AN CHOMHAIRLE COMHPHÁIRTÍOCHTA IDIR AN tAONTAS AGUS AN AIRMÉIN,

Ag féachaint don Chomhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Síníodh an Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit, de pháirt amháin, agus Poblacht na hAirméine, den pháirt eile ('an Comhaontú') an 24 Samhain 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021.

(2) De bhun Airteagal 362(6) den Chomhaontú, féadfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta moltaí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) De bhun Airteagal 377(1) den Chomhaontú, tá na Páirtithe le haon bheart is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus áiritheoidh siad go mbainfear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Déantar foráil in Airteagal 11 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhpháirtíochta go bhféadfaí cinntí a ghlacadh agus moltaí a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn idir seisiúin, i gcás ina gcomhaontaíonn an dá Pháirtí leis sin.

(5) Chomhaontaigh an tAontas agus an Airméin a gcomhpháirtíocht a chomhdhlúthú trí shraith tosaíochtaí a chomhaontú don obair chomhpháirteach chun na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú a bhaint amach.

(6) Chomhaontaigh na Páirtithe leis an gComhaontú téacs an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin, a thacóidh le cur chun feidhme an Chomhaontaithe, ag díriú ar chomhar maidir le leasanna comhroinnte a sainaithníodh go comhpháirteach,

TAR ÉIS AN MOLADH SEO A LEANAS A GHLACADH:

Airteagal 1

Molann an Chomhairle Comhpháirtíochta do na Páirtithe an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a chur chun feidhme, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin, mar a leagtar amach sa Mholadh seo é, in ionad Mholadh Uimh. 1/2017 ón gComhairle um Chomhar idir an tAontas agus an Airméin an 20 Samhain 2017 maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hAirméine.

Airteagal 3

Beidh éifeacht leis an Moladh seo ar lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Nollaig 2025.

IARSCRÍBHINN




AN CLÁR OIBRE STRAITÉISEACH DON CHOMHPHÁIRTÍOCHT IDIR AN tAONTAS AGUS AN AIRMÉIN

IDIR

AN tAONTAS EORPACH

AGUS

AN AIRMÉIN

Clár Ábhar

Réamhrá 5

1. **Prionsabail, ionstraimí agus acmhainní chun an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a chur chun feidhme** 6

2. **Tosaíochtaí an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin** . . . 7

3. ***Daonlathas, Cearta an Duine agus Dea-Rialachas*** 8

4. ***Saoirse, Soghluaisteacht agus Slándáil*** 16

5. ***Beartas Eachtrach agus Slándála*** 20

6. ***Comhar Eacnamaíoch agus Earnála*** 24

7. ***Trádáil agus Ábhair a Bhaineann le Trádáil*** 33

8. ***Teagmháil idir Daoine*** 37

Conclúid 40

RÉAMHRÁ

Síníodh an **Comhaontú Comhpháirtíochta Cuimsitheach Feabhsaithe (CEPA) idir an tAontas agus an Airméin** i mí na Samhna 2017 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Márta 2021, mar phríomhdhoiciméad maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas agus an Airméin agus mar threoirphlean um fhorbairt institiúidí daonlathacha san Airméin.

Chun comhar idir an tAontas agus an Airméin a éascú, glacadh **Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais agus na hAirméine** an 21 Feabhra 2018. Ar bhonn leasanna comhroinnte agus luachanna coiteanna, chuidigh na Tosaíochtaí Comhpháirtíochta leis an gclár oibre a mhúnlú le haghaidh cruinnithe maidir le hidirphlé polaitiúil tráthrialta agus idirphlé earnála mar a leagtar amach in CEPA, lena soláthraítear an creat chun na tosaíochtaí a chur chun feidhme agus chun faireachán a dhéanamh orthu.

An 26-27 Deireadh Fómhair 2023 d'iarr an Chomhairle Eorpach ar an Ardionadaí agus ar an gCoimisiún roghanna a chur i láthair maidir leis an mbealach is fearr chun **an caidreamh idir an tAontas agus an Airméin a neartú ina ghnéithe uile**. Tagann sé sin sna sála ar léiriú soiléir ó údaráis na hAirméine gur mian leo an caidreamh idir an tAontas agus an Airméin a neartú, mar a léirítear freisin sa dlí maidir le seoladh phróiseas aontachais na hAirméine chuig an Aontas Eorpach. Léiríonn sé freisin gur mian leis an Aontas an móiminteam atá ann faoi láthair a thapú chun feabhas a chur ar an gcaidreamh idir an tAontas agus an Airméin. Ar imeall chruinniú an Chomhphobail Pholaitiúil Eorpaigh in Granada an 5 Deireadh Fómhair 2023, chuir Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Príomh-Aire na hAirméine in iúl freisin go bhfuil rún daingean acu naisc eacnamaíocha a neartú agus leas iomlán a bhaint as acmhainneacht CEPA. An 13 Samhain 2023 chomhaontaigh an Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (i) Misean sibhialtach an Aontais san Airméin (EUMA) a neartú faoin gcomhbheartas slándála agus cosanta (CBSC), le níos mó breathnóirí agus patróil, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i limistéir íogaire; (ii) féachaint an bhféadfaí tacaíocht neamh-mharfach a chur ar fáil don Airméin faoin tSaoráid Eorpach Síochána (EPF); (iii) tús a chur le féachaint an bhféadfaí tús a chur le hidirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí; agus (iv) bearta tacaíochta breise a shainaithint trí mhisean comhpháirteach aimsithe fíoras idir seirbhísí an Choimisiúin agus SEGS. Ó shin i leith, rinneadh na gníomhaíochtaí sin.

Dheimhnigh an misean aimsithe fíoras uaillmhian an dá thaobh an comhar a neartú, lena n-áirítear oibriú le chéile i réimsí nua amhail an tslándáil agus an chosaint, comhar níos dlúithe in earnálacha amhail iompar, fuinneamh, agus nascacht dhigiteach, trádáil, taighde agus nuálaíocht, agus dlús a chur le hinfheistíochtaí faoi Global Gateway. Tá sé sin i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún Eorpach agus ón Ardionadaí chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe, an 28 Bealtaine 2025. Tabharfar aird ar leith freisin ar aghaidh a thabhairt ar riachtanais na nAirméanach Carabaic a easáitíodh tar éis oibríocht mhíleata na hAsarbaiseáine agus ar thacú lena gcuimsiú socheacnamaíoch (daoine easáitithe agus/nó Dídeanaithe de chuid na hAirméine ina dhiaidh seo).

Tá leas ag an Aontas agus ag an Airméin araon i neartú agus doimhniú an chaidrimh agus tá siad tiomanta do neartú agus doimhniú an chaidrimh sin, **mar a dearbhaíodh ag an gcúigiú Comhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin** an 13 Feabhra 2024. I gcomhréir leis sin, is é is cuspóir don **Chlár Oibre Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin** tosaíochtaí comhpháirteacha níos uaillmhianaí a bhunú don chomhar sna réimsí uile chun cuspóirí CEPA a bhaint amach i gcomhréir le toilmhianta Eorpacha mhuintir na hAirméine.

Tagann an **Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin** in ionad na dTosaíochtaí Comhpháirtíochta atá ann cheana agus déantar iad a athdhíriú, ag tógáil ar CEPA. Déantar idirdhealú ann idir tosaíochtaí gearrthéarmacha (ar cheart iad a chur chun feidhme nó dul chun cinn suntasach a dhéanamh orthu laistigh de 3-4 bliana) agus tosaíochtaí meántéarmacha (ar cheart iad a chur chun feidhme nó dul chun cinn suntasach a dhéanamh orthu laistigh de 7 mbliana). Beidh feidhm ag an **gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin** tráth a ghlacfaidh an Chomhairle Comhpháirtíochta idir an tAontas agus an Airméin é. Féadfar é a leasú nó a thabhairt cothrom le dáta tráth ar bith trí bhíthin comhaontú ón gComhairle Comhpháirtíochta.

1. PRIONSABAIL, IONSTRAIMÍ AGUS ACMHAINNÍ CHUN AN CLÁR OIBRE STRAITÉISEACH DON CHOMHPHÁIRTÍOCHT IDIR AN TAONTAS AGUS AN AIRMÉIN A CHUR CHUN FEIDHME

Bunaithe ar leasanna comhroinnte agus ar luachanna coiteanna, beidh na prionsabail seo a leanas ina dtreoir do chur chun feidhme an Cláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin.

— Ba cheart an ghníomhaíocht a dhéantar tríd an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a bheith i gcomhréir go hiomlán le **CEPA**, lena n-áirítear an brollach ann.

— Ba cheart an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a chur chun feidhme **ar bhealach trédhearcach, cuntasach agus cuimsitheach**.

— Ceanglaítear leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin go mbeadh rannpháirtíocht ón dá thaobh agus idirphlé maidir le **hathchóirithe** a bhaineann le CEPA.

— Is é is aidhm don Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin torthaí inláimhsithe agus sainithe a bhaint amach trí **bhearta praiticiúla** a chur chun feidhme de réir a chéile.

— Aithníonn na páirtithe a thábhachtaí atá sé tacú le cur chun feidhme na dtosaíochtaí comhaontaithe trí ghealltanas polaitiúil agus trí **acmhainní teicniúla agus airgeadais** iomchuí.

— Déanfar **faireachán** ar **chur chun feidhme** an Cláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin, déanfar tuairisciú air go bliantúil agus déanfar measúnú air. Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn, lena n-áirítear dul chun cinn i gcomhthéacs na struchtúr institiúideach a liostaítear in CEPA. Spreagfar an tsochaí shibhialta freisin chun a gníomhaíochtaí faireacháin a dhíriú ar an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin, lena n-áirítear gníomhaíochtaí faireacháin i gcomhthéacs Ardán Sochaí Sibhialta an Aontais agus na hAirméine.

— Cuideoidh an tAontas leis an Airméin na cuspóirí a leagtar amach sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a bhaint amach agus na tosaíochtaí a leagtar amach ann a chur chun feidhme. Déanfaidh sé amhlaidh trí úsáid a bhaint as gach foinse **tacaíochta ón Aontas** atá ar fáil, chomh maith le saineolas agus comhairle, dea-chleachtas, comhroinnt faisnéise, tacaíocht d'fhothú acmhainneachta, neartú institiúideach agus ionstraimí cúnaimh. Oibreoidh an tAontas freisin le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis chun comhordú na tacaíochta don Airméin a áirithiú agus chun cur chuige Fhoireann na hEorpa a áirithiú lena gcomhthiomsófar acmhainní ón Aontas, óna Bhallstáit, ón mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) agus ón mBanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF) agus ó chomhpháirtithe leasmhara eile. Cuideoidh ionstraimí airgeadais ábhartha an Aontais le cur chun feidhme an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin. Mar sin féin, ní doiciméad clársceidealaithe airgeadais é an Clár Oibre ann féin ná ní thagann sé in ionad an chlársceidealaithe a dhéanann na páirtithe féin.

Tá an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin mar **bhonn leis an gcúnamh ón Aontas** don Airméin, mar a leagtar amach san Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (NDICI) agus sna doiciméid chlársceidealaithe chomhfhreagracha. Féadfaidh an tAontas cúnamh a chur ar fáil freisin trí úsáid a bhaint as ionstraimí eile an Aontais. Léireoidh an tacaíocht ón Aontas coinníollacht agus cur chuige dreasacht-bhunaithe an Aontais, agus beidh sí coinníollach ar chur chun feidhme na n-athchóirithe comhaontaithe. Chun cuidiú le tosaíochtaí sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a bhaint amach, chuir an Coimisiún Eorpach an **Plean Athléimneachta agus Fáis** chun cinn, pacáiste cúnaimh EUR 270 milliún le haghaidh na tréimhse 2024-2027. Faoin bPlean Athléimneachta agus Fáis, cuirfidh an tAontas (1) EUR 200 milliún i gcúnamh deontas ar fáil chun tacú le clár oibre um athchóiriú socheacnamaíoch agus le comhar earnála níos dlúithe leis an Aontas, agus (2) EUR 70 milliún i ndeontais infheistíochta arb é is aidhm dóibh infheistíochtaí poiblí agus príobháideacha i nascacht trádála, fuinnimh agus iompair a shlógadh agus an earnáil phríobháideach a neartú. Tá an cúnamh ag treisiú rannpháirtíocht an Aontais le réigiún na Mara Duibhe freisin, mar a léirítear sa Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe.

2. TOSAÍOCHTAÍ AN CHLÁIR OIBRE STRAITÉISIGH DON CHOMHPHÁIRTÍOCHT IDIR AN tAONTAS AGUS AN AIRMÉIN

Molann an tAontas tiomantas na hAirméine **don daonlathas, don smacht reachta agus do chearta an duine** agus an dul chun cinn inbhraite atá déanta aici i ndáil leis an méid sin, agus tuigeann sé an staid réigiúnach an-dúshlánach atá os comhair na hAirméine faoi láthair. Molann sé tiomantas na hAirméine a áirithiú go bhfuil institiúidí daonlathacha aici a fheidhmíonn i gceart, le CEPA mar threoirphlean le haghaidh athchóirithe chun an tír a nuachóiriú. I measc na dtosaíochtaí ríthábhachtacha tá **forbairt shocheacnamaíoch, éagsúlú trádála, cothú inbhuanaitheachta agus athléimneachta** agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin gheopholaitiúla agus réigiúnacha chomh maith le bagairtí hibrideacha spriocdhírithe agus eile. Is tosaíocht chomhpháirteach thábhachtach é **an tIdirphlé maidir le Léirscaoileadh Víosaí** freisin. Is é is aidhm don phróiseas tacú leis an Airméin córas taistil gan víosa a bhaint amach le haghaidh tréimhsí gearrfhanachta leis an Aontas agus laistigh de limistéar Schengen, ar choinníoll go gcuirfear na coinníollacha ábhartha i bhfeidhm le haghaidh soghluaisteacht agus slándáil dhea-bhainistithe. Tá **dul chun cinn suntasach** déanta ag an Airméin **maidir le hathchóirithe** i bpríomhréimsí amhail ceartas, an comhrac in aghaidh an éillithe agus an smacht reachta a choinneáil ar bun, saoirse cainte agus saoirse na meán, athchóirithe póilíneachta agus institiúidí daonlathacha a neartú (tríd an Aireacht Gnóthaí Inmheánacha a bhunú, mar shampla), agus maidir le hathchóirithe san oideachas, sa tsláinte, sa chosaint shóisialta, san imirce agus sa chosaint shibhialta. Tá **staid na slándála réigiúnaí** fós luaineach. Áirítear sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin sin **an tslándáil agus an chosaint** mar réimse nua comhair, arb é is aidhm dó **athléimneacht, slándáil agus cobhsaíocht** na hAirméine a neartú. Mar shampla, in 2024 ghlac an tAontas an chéad bheart cúnaimh riamh chun tacú le Fórsaí Armtha na hAirméine faoin tSaoráid Eorpach Síochána. Tá an tAontas réidh chun tacú leis an Airméin i ndáil leis an méid sin. Ní mór tuilleadh airde a thabhairt sna blianta amach romhainn ar **aghaidh a thabhairt ar riachtanais níos mó ná 115 000** duine easáitithe de chuid na hAirméine agus ar a gcuimsiú sa chóras socheacnamaíoch.

Déanfar **cearta an duine agus comhionannas inscne** a phríomhshruthú ar fud an Chláir Oibre Straitéisigh don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin.

Tacaíonn an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin seo le **héagsúlú eacnamaíoch, trádála agus fuinnimh** agus le **hailíniú rialála breise** i bpríomhearnálacha (i gcás ina bhfuil sé comhoiriúnach le ballraíocht na hAirméine in eagraíochtaí idirnáisiúnta eile agus leis na hoibleagáidí atá uirthi ina leith) chun na dálaí a chruthú le haghaidh comhar eacnamaíoch níos dlúithe. Tá sé d'aidhm aige freisin an comhar a neartú in earnálacha atá ríthábhachtach d'**athléimneacht shocheacnamaíoch** na hAirméine agus dlús a chur le **hinfheistíochtaí**.

Tá gá freisin le tuilleadh **dul chun cinn mór inbhuanaithe** maidir le cur chun feidhme CEPA chun go mbainfidh saoránaigh tairbhe iomlán as. Go háirithe, leanfaidh an Airméin dá hiarrachtaí maidir le feabhas a chur ar an gcomhordú inmheánach agus ar acmhainneachtaí ionsúcháin agus le hathchóirithe a chomhdhlúthú. Tá an tAontas toilteanach ar dhlús a chur lena chomhar le húdaráis na hAirméine maidir le **cur chun feidhme CEPA**. Chuige sin, spreagann sé úsáid straitéiseach na n-ionstraimí atá ar fáil, amhail an Ionstraim um Chúnamh Teicniúil agus um Malartú Faisnéise (TAIEX) agus Nascadh, agus tionscnaimh ábhartha dhéthaobhacha agus réigiúnacha. Oibreoidh an Airméin i ndlúthchomhar le hinstitiúidí airgeadais idirnáisiúnta agus leis an Aontas chun tionscadail infheistíochta straitéiseacha a shainaithint agus a chur chun feidhme faoi chuimsiú na Tairsí Domhanda, mar bhranda an Aontais le haghaidh infheistíochtaí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh tríd an Ardán Comhordúcháin Infheistíochta idir an tAontas agus an Airméin, lena dtugtar údaráis na hAirméine, an tAontas agus IFInna le chéile chun infheistíochtaí san Airméin a éascú, agus forbairt inbhuanaithe agus fás eacnamaíoch á gcur chun cinn.

Comhlánóidh an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin sin **creat beartais Chomhpháirtíocht an Oirthir**, ar uirlis luachmhar é i gcónaí chun an caidreamh idir an tAontas agus an Airméin a neartú agus le haghaidh an chomhair réigiúnaigh i réimsí leasa choitinn. **Tacóidh** an comhar idir an tAontas agus an Airméin le **cuspóirí beartais domhanda a bhaint amach**, lena n-áirítear Comhaontú Pháras maidir leis an athrú aeráide agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus na 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe a ghabhann leis. Rannchuideoidh an comhar leis an **ord idirnáisiúnta riailbhunaithe** a neartú agus cuideoidh sé leis an Eoraip a dhéanamh níos láidre ar an leibhéal domhanda. Sa chomhthéacs sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na réimsí athchóirithe seo a leanas mar ábhar tosaíochta.

2.1. ***Daonlathas, Cearta an Duine agus Dea-Rialachas***

Tá an tAontas agus an Airméin tiomanta do neartú an chomhair chun **an smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn**, mar a leagtar síos in CEPA. Oibreoidh siad le chéile chun feabhas a chur go leanúnach ar riarachán poiblí na hAirméine, chun dea-rialachas a áirithiú agus chun earnáil an cheartais a athchóiriú. Leis an idirphlé polaitiúil agus leis an gcomhar athchóirithe faoin gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin seo, féachtar le hurraim do phrionsabail dhaonlathacha a neartú amhail scaradh na gcumhachtaí, iolrachas polaitiúil, cuimsiú sa chinnteoireacht agus comhar agus rannpháirtíocht dhearfach leis an bhfreasúra. Oibreoidh an tAontas agus an Airméin le chéile chun cearta an duine agus saoirsí bunúsacha a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh do dhaoine easáitithe de chuid na hAirméine agus do dhaoine ar de mhionlaigh iad mar a chumhdaítear i gcroí-choinbhinsiúin na Náisiún Aontaithe agus Chomhairle na hEorpa agus i bprótacail ghaolmhara, arna ndaingniú ag an Airméin, agus chun breithiúnais na Cúirte Breithiúnais Idirnáisiúnta agus na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine a fhorghníomhú go héifeachtach chomh maith. Rannchuideoidh siad freisin le hathchóirithe polaitiúla intíre a chomhdhlúthú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thacaíocht a thabhairt do Phlean Gníomhaíochta Chomhairle na hEorpa don Airméin.

2.1.1. *Daonlathas*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de **shaorthoghcháin chóra thrédhearcacha chuimsitheacha** a áirithiú, agus gníomhú de réir mholtaí na hEagraíochta um Shlándáil agus Comhar san Eoraip (ESCE)/na hOifige um Institiúidí Daonlathacha agus um Chearta an Duine (ODIHR) i gcomhréir le bunreacht na hAirméine.

— A áirithiú go mbeidh leasuithe reachtacha a dhéanann difear do phríomhghnéithe an smachta reachta faoi réir comhairliúcháin chuimsitheacha agus go dtabharfar i gcomhréir iad le caighdeáin agus moltaí Eorpacha arna ndéanamh ag comhlachtaí idirnáisiúnta, amhail **Coimisiún na Veinéise de chuid Chomhairle na hEorpa, an Grúpa Stát i gcoinne na hÉillitheachta (GRECO) agus ESCE/ODIHR**, agus moltaí ó ghníomhaithe eile amhail an Chomhpháirtíocht Rialtais Oscailte á gcur san áireamh freisin.

— A áirithiú go mbeidh **athchóirithe** reachtacha agus **bunreachtúla** trédhearcach agus cuimsitheach, bunaithe ar phrionsabail dhaonlathacha agus ar an smacht reachta, agus go mbeidh na príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an tsochaí shibhialta, rannpháirteach iontu.

Tosaíocht mheántéarmach

— Leanúint de chreat na hAirméine um chearta an duine a neartú trí dhlí agus cleachtais idirnáisiúnta agus Eorpacha um chearta an duine a chomhchuibhiú agus a chur chun feidhme.

2.1.2. *Ceartas*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint d'**earnáil an cheartais** a athchóiriú, agus a neamhspleáchas, a sláine, a cuntasacht, a cáilíocht agus a héifeachtúlacht á n-áirithiú, i gcomhréir le Bunreacht na hAirméine agus le caighdeáin idirnáisiúnta.

— An **straitéis um athchóirithe breithiúnacha agus dlíthiúla agus an plean gníomhaíochta le haghaidh 2022-2026** a chur chun feidhme ar bhealach comhordaithe, agus coigeartuithe a dhéanamh nuair is gá, agus obair leantach iomchuí ón **gComhairle Faireacháin** a áirithiú.

— An **Cód Coiriúil** agus an **Cód um Nós Imeachta Coiriúil** athbhreithnithe a chur chun feidhme go héifeachtach, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí oiliúint agus fothú acmhainneachta do pháirtithe leasmhara ábhartha.

— Comhairliúchán le **Coimisiún na Veinéise** agus cur chun feidhme a chuid mholtaí a áirithiú.

— Leanúint de thrédhearcacht agus oibiachtúlacht, réasúnú leordhóthanach, agus comhréireacht agus úsáid critéar bunaithe ar fhiúntas a áirithiú i gcás inarb infheidhme, i gcinntí maidir le **roghnú, ceapadh, breithmheas, ardú céime, aistriú na mbreithiúna agus na n-ionchúisitheoirí uile**, lena n-áirítear iad siúd i bpoist ardleibhéil, agus sa **chóras araíonachta** a bhaineann leo chomh maith, tríd an gcreat rialála agus institiúideach a neartú.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar thrédhearcacht, ar fhiúntas agus ar oibiachtúlacht sna **modhanna roghnúcháin agus ceapacháin** do chomhaltaí na **gcomhlachtaí rialachais bhreithiúnaigh agus ionchúisimh** agus i **bpróisis chinnteoireachta** na gcomhlachtaí sin agus coimircí a thabhairt isteach nó a neartú chun na próisis sin a dhípholaitiú.

— Cur leis an **éifeachtúlacht** in earnáil an cheartais trí, i.a. feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as réiteach lasmuigh den chúirt/réiteach malartach díospóidí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí idirghabháil agus eadráin agus le rannpháirtíocht an Lárionaid Eadrána agus Idirghabhála (AMCA), le tacaíocht ó chomhpháirtithe institiúideacha.

— **Oiliúint tosaigh éigeantach** chomh maith le **hoiliúint leanúnach agus fothú acmhainneachta** a áirithiú do gach breitheamh agus ionchúisitheoir, lena n-áirítear oiliúint speisialaithe maidir le dlí-eolaíocht na gCúirteanna Idirnáisiúnta agus rannpháirtíocht leo.

— Feabhas a chur ar an **meastóireacht feidhmíochta** le haghaidh breithiúna agus ionchúisitheoirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chritéir mheastóireachta shoiléire oibiachtúla a chur i bhfeidhm agus measúnuithe tráthrialta a sholáthar.

— Acmhainní leordhóthanacha a chur ar fáil do gach institiúid cheartais chun é a chur ar a gcumas dóibh a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh go héifeachtach, lena n-áirítear an **Coimisiún um Éilliú a Chosc** agus na cúirteanna frithéillithe.

— An chuntasacht a áirithiú in earnáil an cheartais, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin **creat láidir araíonachta**, agus le haghaidh comhaltaí na gcomhlachtaí rialachais bhreithiúnaigh agus ionchúisimh freisin, i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta.

— Cur chun feidhme iomlán an chomhaontaithe idirnáisiúnta leis an Aontas maidir le **comhar le Eurojust** a áirithiú chun feabhas a chur ar an gcomhar breithiúnach in ábhair choiriúla agus cur le comhar ghníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha na hAirméine le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

— A mhéid a bhaineann leis an gcomhar breithiúnach in ábhair shibhialta, aontú do choinbhinsiúin ábhartha **Chomhdháil na Háige um an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach** agus iad a chur chun feidhme.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Na struchtúir institiúideacha a bhaineann le comhar breithiúnach,** go háirithe údaráis lárnacha, agus na comhlachtaí ionchúisimh agus breithiúnacha a bhíonn ag déileáil le cásanna idirnáisiúnta, **a neartú**, agus a áirithiú go dtabharfar oiliúint agus tacaíocht leordhóthanach.

— Leanúint d'acmhainneachtaí an **Acadaimh um Cheartas** a neartú, a áirithiú go mbeidh stádas agus feidhmiú an Acadaimh ailínithe le caighdeáin Eorpacha lena n-áirítear le caighdeáin oiliúna breithiúnaí Eorpacha, agus rannchuidiú le cuimsiú an Acadaimh sna líonraí breithiúnacha Eorpacha ábhartha.

— **Cumarsáid leis an bpobal** a choinneáil ar bun agus a fheabhsú a thuilleadh chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a dtéann athchóirithe breithiúnacha agus slándála agus athchóirithe tábhachtacha eile chun tairbhe gach duine, agus chun cur le muinín an phobail as an gcóras.

— Feabhas a chur ar bhailiú sonraí agus ar bhainistiú éifeachtúil earnáil an cheartais trí úsáid a bhaint as uirlisí **ríomhcheartais**.

— Feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí institiúideacha chun **buiséad earnáil an cheartais** a ullmhú agus a chur chun feidhme.

2.1.3. *Frithéilliú, an comhrac in aghaidh na calaoise, athchóiriú ar an riarachán poiblí agus an tseirbhís phoiblí*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Cur chun feidhme éifeachtach **straitéis agus phlean gníomhaíochta frithéillithe na hAirméine le haghaidh 2023-2026** a áirithiú, i gcomhréir le moltaí GRECO agus le moltaí Líonra Frithéillithe na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE).

— Feidhmeanna na n-institiúidí frithéillithe agus na n-institiúidí a bhaineann le hionracas a neartú: an **Coimisiún um Éilliú a Chosc,** an **Coiste Frith-Éillithe,** an **Chúirt Chéadchéime** speisialaithe **in aghaidh Éilliú, Dlísheomra Frith-Éillithe na Cúirte Achomhairc in aghaidh an Éillithe** agus an **Chúirt Achomhairc Frith-Éillithe**.

— Tuilleadh feabhais a chur ar na sásraí **sceithireachta** atá ann cheana agus ar na ráthaíochtaí cosanta do sceithirí.

— Leanúnachas agus cur chun feidhme éifeachtach an **riaracháin phoiblí agus athchóirithe rialtais oscailte** a áirithiú, i gcomhréir le Prionsabail Thionscnamh na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta/an Aontais Eorpaigh chun Feabhas comhpháirteach a chur ar an Riarachán Poiblí agus ar Bhainistíocht agus ar dhea-chleachtais Eorpacha ábhartha eile. Áirítear leis sin measúnú bonnlíne a dhéanamh ar chóras riaracháin phoiblí Phoblacht na hAirméine. Cur chun feidhme an chláir oibre/an phlean gníomhaíochta 'Comhpháirtíocht Rialtais Oscailte-an Airméin' a áirithiú.

— **Oiliúint** shaincheaptha maidir le feabhsú acmhainneachta a chur chun feidhme **do státseirbhísigh** maidir le conas athchóirithe inbhuanaithe a chur chun feidhme agus beartais atá fianaise-bhunaithe agus cuimsitheach a chur ar fáil.

— Cur le muinín an phobail i leith institiúidí daonlathacha, leanúint de sholáthar **seirbhísí poiblí atá dírithe ar shaoránaigh** a neartú ar an leibhéal lárnach agus ar leibhéal an phobail araon. Inrochtaineacht na seirbhísí sin a áirithiú do na grúpaí uile sa tsochaí. Uirlisí digiteacha a úsáid chun cur le rannpháirtíocht an phobail, le rochtain ar fhaisnéis agus le deiseanna rannpháirtíochta, agus é á áirithiú go gcloífear le prionsabail an spáis shibhialta.

— An comhar a leathnú idir gníomhaireachtaí agus údaráis ábhartha na hAirméine agus an **Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF)**.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Cláir oideachais** a thabhairt isteach lena gcumhdaítear eitic, ionracas agus cosc ar an éilliú in institiúidí réamhscoile, i scoileanna poiblí agus in ollscoileanna agus ardán oideachais frithéillithe a chruthú inar féidir le múinteoirí a n-eispéiris teagaisc, a bpleananna ceachta rathúla agus a modhanna a chomhroinnt. Caighdeáin frithéillithe a fhorbairt a thuilleadh le haghaidh cláir oiliúna do sheirbhísigh phoiblí agus do shealbhóirí oifige poiblí, lena n-áirítear forfheidhmiú an dlí, ionchúiseamh agus na breithiúna agus oiliúint den sórt sin a dhéanamh éigeantach.

— **Prótacail chaighdeánacha** a fhorbairt chun coireanna éillithe a imscrúdú agus feabhas a chur ar na sásraí maidir le forghéilleadh sócmhainní nach bhfuil bunaithe ar chiontú.

— Bunaithe ar an measúnú bonnlíne nua ar chóras riaracháin phoiblí na hAirméine a rinne SIGMA, **doiciméad straitéiseach nua a dhearadh le haghaidh athchóiriú na hearnála poiblí** sa tír agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme go héifeachtach é.

2.1.4 *Cearta an duine agus saoirsí bunúsacha*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de **phlean gníomhaíochta náisiúnta 2023-2025 maidir le cearta an duine** a chur chun feidhme agus plean gníomhaíochta um chomharba a fhorbairt, agus na moltaí ó shásraí na Náisiún Aontaithe um chearta an duine á n-ionchorprú, go háirithe comhlachtaí conartha, ESCE/ODIHR, Comhairle na hEorpa, an Coimisiún Eorpach i gcoinne an Chiníochais agus na hÉadulaingthe (ECRI) agus eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine, de réir mar is iomchuí.

— Leanúint de **ról an Ombudsman/ról Chosantóir Chearta an Duine** a neartú agus acmhainní leordhóthanacha a leithdháileadh chun a áirithiú go mbeidh sé rannpháirteach go gníomhach i gceapadh beartas agus i gcur chun feidhme athchóirithe reachtacha; forbairt gníomhartha dlí normatacha a chur chun cinn; moltaí a eisiúint chun urraim, cosaint agus comhlíonadh chearta an duine i réimsí sonracha a neartú; daingniú ionstraimí réigiúnacha agus idirnáisiúnta maidir le cearta an duine a spreagadh; agus rannchuidiú le feasacht a mhúscailt maidir le cearta an duine.

— Cur chun feidhme **Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC)** a áirithiú agus leanúint de na céimeanna is gá chun reachtaíocht a chomhchuibhiú de réir cheanglais na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta. A áirithiú go bhfuil na hacmhainní airgeadais is gá ann chun oibriú leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, chomh maith le hoiliúint speisialaithe don fhoireann.

— **Acmhainneachtaí agus eolas** breithiúna, ionchúisitheoirí agus imscrúdaitheoirí a fhorbairt maidir le rialacha agus nósanna imeachta na Cúirte Coiriúla Idirnáisiúnta.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Sásraí éifeachtacha um réiteach díospóidí agus um chosaint chearta an duine** a choinneáil ar bun, ar sásraí iad a bheidh le húsáid sula rachfar i muinín sásraí breithiúnacha nó mar rogha mhalartach ar na sásraí sin.

— Leanúint den chomhar maidir le **cur chun cinn, múscailt feasachta agus oiliúint** maidir le cearta an duine, go háirithe neamh-idirdhealú, sa bhreithiúnacht, i bhforfheidhmiú an dlí agus sa riarachán poiblí uile, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i réigiúin na hAirméine.

— Leanúint den chomhar agus de dhul i gcomhairle go fóinteach le **heagraíochtaí na sochaí sibhialta** agus le comhpháirtithe sóisialta ionadaíocha (ceardchumainn agus eagraíochtaí fostóirí) mar pháirtithe leasmhara agus mar fhorais faire i réimsí a dtugann CEPA tús áite dóibh.

2.1.5 *Drochíde agus céastóireacht*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Faireachán a dhéanamh ar aon drochíde nó céastóireacht a dhéanann gníomhairí forfheidhmiúcháin dlí agus na **fórsaí armtha** agus aghaidh a thabhairt uirthi. Trédhearcacht a áirithiú sa phróiseas imscrúdaithe agus cuntasacht as gníomhartha den sórt sin.

— Cur chun feidhme iomlán na reachtaíochta ceartais choiriúil a áirithiú, go háirithe an **Cód Coiriúil** agus an **Cód um Nós Imeachta Coiriúil** leasaithe, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha maidir le cearta an duine agus le moltaí Chomhairle na hEorpa.

— Leanúint **d'fheabhas a chur ar an reachtaíocht pheannaideach** mar chuid d'athchóiriú níos leithne ar an gceartas coiriúil, agus rannchuidiú le ceartas aisiríoch éifeachtach agus pianbhreith atá bunaithe ar chuspóir.

— Tuilleadh **feabhais a chur ar dhálaí coinneála** do phríosúnaigh faoi mhíchumas agus do mhionaoisigh, agus riachtanais shonracha na bpríosúnach i gcásanna leochaileacha a chur san áireamh, gan aon chineál idirdhealaithe.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint d'fheabhas a chur ar an gcóras peannaideach um chúraim sláinte agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag príosúnaigh ar na **seirbhísí cúraim sláinte** céanna leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear seirbhísí meabhairshláinte. Leanúint d'oiliúint a chur ar bhaill foirne cúraim sláinte atá ag obair in institiúidí dúnta nó ar a son maidir le conas drochíde a thuairisciú, agus leanúint de na hacmhainní a thabhairt dóibh chun é sin a dhéanamh.

— Éifeachtacht **an fhaireacháin inmheánaigh agus sheachtraigh** ar an gcóras peannaideach, ar na póilíní, ar na hinstitiúidí míleata agus ar institiúidí dúnta eile a neartú a thuilleadh chun mí-úsáid agus drochíde a bhrath go luath agus a chosc.

2.1.6 *Comhionannas agus neamh-idirdhealú*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de bhearta cinntitheacha a dhéanamh chun **comhionannas a áirithiú do chách agus chun idirdhealú ar aon fhoras a chomhrac**, lena n-áirítear idirdhealú dírithe ar mhná agus ar chailíní, ar dhaoine ar de mhionlaigh náisiúnta, mionlaigh reiligiúnacha agus mionlaigh eile iad, ar dhaoine faoi mhíchumas, ar dhaoine óga nó scothaosta agus ar dhaoine LADTI, sa saol sóisialta, polaitiúil agus eacnamaíoch. Agus an méid sin á dhéanamh, tá sé ríthábhachtach aird ar leith a thabhairt ar chineálacha iomadúla trasnacha idirdhealaithe.

— Cur chun feidhme an **Dlí maidir le Comhionannas** a threisiú agus a áirithiú agus **comhlacht comhionannais náisiúnta** neamhspleách a bhunú a mbeidh na hacmhainní daonna agus airgeadais is gá aige.

— Bearta breise a dhéanamh chun a áirithiú go ndéanfar **coireanna fuatha**, lena n-áirítear coireanna in aghaidh daoine LADTI, **a chosc, a imscrúdú agus a phionósú** trí bhíthin na mbeart iomchuí uile, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do chúiseanna claontachta mar imthosca géaraitheacha, agus a áirithiú go bhfuil creat dlíthiúil leordhóthanach i bhfeidhm.

— Leanúint d'athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil chun cur chun feidhme na reachtaíochta in aghaidh **an fhoréigin baile agus inscnebhunaithe, na gáinneála ar dhaoine agus an dúshaothraithe** a neartú, chun cur le múscailt feasachta, agus a áirithiú arís eile go mbeidh rochtain ag íospartaigh na gáinneála ar dhaoine agus ag íospartaigh an dúshaothraithe agus ag marthanóirí foréigin baile agus inscnebhunaithe ar cheartas, ar bhearta cosanta éifeachtacha, ar sheirbhísí sláinte agus ar shásamh.

— Sásra a bhunú chun daoine a tharchur chuig **seirbhísí speisialaithe**, agus cosaint rúndachta á háirithiú ag an am céanna do mharthanóirí foréigin baile agus inscnebhunaithe agus eisiúint thráthúil cinntí maidir le horduithe cosanta a áirithiú.

— Rannchuidiú le **seirbhísí lárionaid tacaíochta** do mharthanóirí foréigin baile agus inscnebhunaithe a fheabhsú agus a éagsúlú a thuilleadh.

— Cur chun feidhme clár a áirithiú chun **cumhachtú eacnamaíoch** marthanóirí foréigin baile agus inscnebhunaithe a chur chun cinn.

— An creat dlíthiúil agus beartais maidir le comhionannas inscne a neartú a thuilleadh trí **straitéis inscne na hAirméine** a chur chun feidhme go héifeachtúil, agus an Chomhairle um Chomhchearta agus Deiseanna Comhionanna do Mhná agus d'Fhir a Áirithiú mar an comhlacht náisiúnta chun faireachán a dhéanamh ar bheartais comhionannais inscne agus iad a chur chun feidhme. Féachaint an bhféadfaí pointí fócasacha inscne a chruthú in aireachtaí earnála na hAirméine, mar dhea-chleachtas.

— Rannchuidiú le tuilleadh feabhais a chur ar an **sásra náisiúnta chun comhionannas inscne a chur chun cinn**, lena n-áiritheofar cearta agus deiseanna comhionanna do chách i ngach réimse den saol poiblí.

— Gníomh ar thuairim Choimisiún na Veinéise tar éis shíniú Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa chun foréigean in aghaidh na mban agus foréigean teaghlaigh a chosc agus a chomhrac (**Coinbhinsiún Iostanbúl**).

— Leanúint d'aghaidh a thabhairt ar **an idirdhealú in aghaidh daoine faoi mhíchumas**, lena n-áirítear bacainní ar chóireáil éifeachtach péine agus ar chúram maolaitheach, agus céimeanna cinntitheacha a ghlacadh maidir le dí-institiúidiú i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

— Plean cuimsitheach 2023-2027 maidir le **cuimsiú sóisialta** daoine faoi mhíchumas a chur chun feidhme go héifeachtach agus bearta chun a chur chun feidhme a áirithiú.

— A áirithiú go ndéanfar an **dréacht-Dlí maidir le Mionlaigh Náisiúnta** a ghlacadh agus a chur chun feidhme, agus an tuairim ó Chomhairle na hEorpa á cur san áireamh.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Bearta gníomhacha a dhéanamh chun **rannpháirtíocht agus ionadaíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban** a chur chun cinn, chomh maith le **rannpháirtíocht agus ionadaíocht daoine ar de mhionlaigh iad** i bhfóraim cinnteoireachta polaitiúla agus sa mhargadh saothair agus i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ar an leibhéal áitiúil ionadaíochta (i.e. bardais) agus i ngníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí.

— Bearta a dhéanamh chun **saghsanna cur chuige inscne-fhreagrúla** a fhorbairt maidir leis an athrú aeráide, agus prionsabail chuimsitheacha agus múscailt feasachta á n-áirithiú.

— Bearta breise a dhéanamh chun an **chothromaíocht oibre is saoil** a thabhairt chun cinn agus bearta breise a dhéanamh chun **an córas cosanta sóisialta** a athchóiriú chun feabhas a chur ar mhéid agus ar chineál rannpháirtíocht na mban sa mhargadh saothair, lena n-áirítear cláir bhreise chun tacú le cúramóirí, máithreacha aonair agus aon duine atá leochaileach.

— Céimeanna gníomhacha a ghlacadh chun **comhroinnt chothrom freagrachtaí** idir tuismitheoirí i gcúram leanaí a chur chun cinn, agus scileanna agus cumais tuismitheoirí á bhforbairt.

— Leanúint den obair chun feabhas a chur ar an **innéacs comhionannais inscne**, agus an bhearna phá idir na hinscní á laghdú agus an t-idirdhealú i réimse an oideachais agus na heolaíochta á shárú.

— **Rannchuidiú le cuimsiú sóisialta agus eacnamaíoch níos fearr agus le rannpháirtíocht daoine ar de mhionlaigh náisiúnta iad**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin rochtain ar fhaisnéis agus ar oideachas.

— Soláthar seirbhísí pobalbhunaithe a sholáthraítear do **dhaoine faoi mhíchumas** a leathnú.

— Seirbhísí **maireachtála neamhspleáiche** a sholáthar d'fhonn dí-institiúidiú a dhéanamh.

— Bearta gníomhacha a dhéanamh chun **buiséid inscne-fhreagrúla** a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ag obair ar **dhí-chomhiomlánú sonraí** bunaithe ar shaghsanna cur chuige inscne-fhreagrúla.

2.1.7 *Cearta an linbh*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Cearta an linbh a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcomhthéacs **straitéis agus phlean gníomhaíochta 2023-2025 um chearta an duine**, agus bailchríoch a chur ar an athbhreithniú cuimsitheach agus ar chur chun feidhme cuimsitheach an **Dlí maidir le Cúnamh Sóisialta, an Dlí maidir le Cearta Leanaí agus an Chóid Teaghlaigh**.

— An **Dlí athbhreithnithe maidir le Cearta Leanaí** agus an **Cód Teaghlaigh** a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gclár cuimsitheach chun cearta leanaí a chosaint.

— Dlús a chur le cur i bhfeidhm an **Choinbhinsiúin maidir le Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí-Úsáid Ghnéasach**.

— Bearta breise a dhéanamh chun tithíocht, cothú agus rochtain ar oideachas agus ar chúram sláinte a áirithiú do **leanaí easáitithe**, agus aird níos mó a thabhairt ar mheabhairshláinte leanaí a ndéanann coinbhleacht difear dóibh.

— Cláir phobail a leathnú do **leanaí i gcásanna leochaileacha** (leanaí faoi mhíchumas, leanaí atá neamhchosanta ar fhoréigean, bulaíocht).

— Mí-úsáid, foréigean agus íde nó pionós atá cruálach, mídhaonna nó táireach ar **leanaí laistigh d'institiúidí** a chosc, taifid a choinneáil de chásanna foréigin amhrasta agus deimhnithe agus gach cás d'fhoréigean líomhnaithe a imscrúdú go hiomlán chun ciontóirí a shainaithint agus pionós a ghearradh orthu.

— Tuilleadh feabhais a chur ar **dheiseanna oideachais leanaí ar de mhionlaigh náisiúnta** iad agus bearta a dhéanamh chun **luathphósadh nó pósadh éigeantais leanaí a chosc**.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Céimeanna a ghlacadh i dtreo claochlú sóisialta agus iompraíochta chun **foréigean in aghaidh leanaí a chomhrac**. Feasacht a mhúscailt i measc daoine a oibríonn le leanaí maidir le conas foréigean in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac, agus a gcuid eolais a fhorbairt maidir le conas é a chosc agus a chomhrac. Feasacht agus eolas an phobail a mhúscailt maidir le conas foréigean in aghaidh leanaí a chosc agus a chomhrac.

— Cur le hacmhainneacht **speisialtóirí cosanta sóisialta**.

— Leanúint de bheith ag obair i dtreo **dí-institiúidiú** leanaí, lena n-áirítear leanaí faoi mhíchumas agus leanaí atá faoi bhochtaineacht, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí sheirbhísí seachadta cúraim mhalartaigh spriocdhírithe agus bearta cúnaimh shóisialta ar leith a thabhairt isteach.

2.1.8 *Bunchaighdeáin saothair agus cearta ceardchumainn*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Bearta breise a dhéanamh chun córas na **cigireachta saothair** a fhorbairt ionas go gcomhlíonfaidh sé caighdeáin idirnáisiúnta, chun cumas na gcigirí saothair a neartú, agus chun feasacht a mhúscailt maidir le tábhacht na gcigirí saothair agus ról an Chomhlachta um Chigireacht Sláinte agus Saothair. Cumhachtaí agus acmhainní leordhóthanacha a sholáthar don Chomhlacht Iniúchta Sláinte agus Saothair chun cigireachtaí agus for-rochtain a dhéanamh chun cásanna gáinneála ar dhúshaothrú saothair a chosc agus a bhrath.

— Leanúint de leasuithe ar an **gCód Saothair** a chur chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta (amhail coinbhinsiúin bhunúsacha na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, chomh maith le prionsabail na Comhghuaillíochta Domhanda um Cheartas Sóisialta).

— Leanúint de bheith ag obair ar an sásra lena sainítear agus lena dtoirmisctear **aon chineál ciaptha** (lena n-áirítear gnéaschiapadh) san ionad oibre.

— Bearta breise a dhéanamh chun athbhreithniú a dhéanamh ar na dlíthe atá ann cheana maidir le ceardchumainn agus ceardchumainn fostóirí a bhaineann le **saoirse comhlachais agus cómhargáil**, i gcomhairle leis na comhpháirtithe sóisialta agus barúlacha chomhlachtaí maoirseachta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair á gcur san áireamh.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Deireadh a chur le srianta foirmiúla** (lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, na srianta a fhorchuirtear leis na Seirbhísí Sóisialta Aontaithe) chun a áirithiú go mbeidh rochtain iomlán ag **daoine faoi mhíchumas** ar na hardáin uile chun seirbhísí sóisialta a sholáthar, lena n-áirítear ardáin cuardaithe poist.

2.1.9 *Beartas sóisialta agus cuimsiú socheacnamaíoch daoine easáitithe de chuid na hAirméine*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Na huirlisí is gá a sholáthar agus a áirithiú **go gcosnófar cearta agus cuimsiú socheacnamaíoch Dídeanaithe agus daoine easáitithe de chuid na hAirméine** agus go mbeidh rochtain acu ar sheirbhísí fíor-riachtanacha.

— Glacadh agus cur chun feidhme **straitéisí spriocdhírithe déimeagrafacha agus fostaíochta** a áirithiú, agus leochaileachtaí sonracha (inscne, aois, míchumas) á gcur san áireamh.

— Rochtain Dídeanaithe agus daoine easáitithe de chuid na hAirméine ar an **gcóras náisiúnta cúraim sláinte agus oideachais** a áirithiú agus aghaidh á tabhairt ar bhacainní dlíthiúla agus riaracháin.

— A áirithiú go nglacfar agus go gcuirfear chun feidhme Straitéis agus Plean Gníomhaíochta **Bheartas Imirce** Phoblacht na hAirméine, an Rialachán maidir le Saincheisteanna Lánpháirtíochta agus Athimeasctha.

— A áirithiú go gcuirfear **cláir thithíochta** chun feidhme, amhail tithíocht shóisialta agus aisíocaíocht cíosa do na teaghlaigh Dídeanaithe is leochailí.

— Rochtain ar **sheirbhísí sóisialta ardcháilíochta** a áirithiú trí bhíthin oibrithe sóisialta deimhnithe agus chur i bhfeidhm an chórais bainistithe cásanna sóisialta forbartha, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta nua amhail pátrúnacht shóisialta do theaghlaigh leochaileacha agus do theaghlaigh faoi mhíbhuntáiste ar Dídeanaithe iad.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Sásraí seachadta seirbhísí sóisialta** a neartú, trí fheabhas a chur ar acmhainneachtaí a fhreagraíonn do thurraingí freisin.

— Cláir chuimsitheacha a chur chun feidhme chun **Dídeanaithe a chumhachtú**, ag díriú ar a gcuimsiú socheacnamaíoch agus ar a n-iontráil i margadh saothair na hAirméine, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí athsciliú, oiliúint, socrúchán gairmiúil, cláir slite beatha agus cláir insealbhaithe shibhialta, cúrsaí teanga, rochtain ar réitigh thithíochta fhadtéarmacha inbhuanaithe agus rochtain ar sheirbhísí poiblí a sholáthar.

2.2. ***Saoirse, Soghluaisteacht agus Slándáil***

Rialaítear le roinnt socruithe oibre agus comhaontuithe comhair **comhar feabhsaithe idir an tAontas agus an Airméin i réimse an cheartais agus gnóthaí baile**, lena n-áirítear comhaontuithe leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, Frontex (ó bhí 2012 ann, athbhreithniú ar na bacáin), Gréasán Imirce na hEorpa (EMN, 2021), Europol (2021), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL, 2017) agus Eurojust (2024).

Is céim thábhachtach chun cinn é seoladh an **idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí** an 9 Meán Fómhair 2024 chun feabhas a chur ar an gcomhar idir an tAontas agus an Airméin i réimse na saoirse, na soghluaisteachta agus na slándála. Tacóidh an Clár Oibre Straitéiseach seo don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin seo le cur chun feidhme maith agus éifeachtach an idirphlé agus a thagarmharcanna. Tá an teanga sa doiciméad seo gan dochar d'fhoirmliú deiridh na dtagarmharcanna sa phlean gníomhaíochta um léirscaoileadh víosaí. Leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt d'iarrachtaí na hAirméine **creat institiúideach agus acmhainneacht údaráis ábhartha na hAirméine a neartú** i réimse na soghluaisteachta agus na slándála, lena n-áirítear an Aireacht Gnóthaí Baile agus a fochomhlachtaí. Thairis sin, leanfaidh an Airméin de thionscnaimh chun **feabhas a chur ar dhearcadh an phobail** ar an Aireacht trí fheabhas a chur ar cháilíocht na seirbhísí poiblí a sholáthraíonn sí agus tríd an gcumarsáid phoiblí a dhoimhniú.

2.2.1 *Sonraí Pearsanta a Chosaint*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Bearta a dhéanamh chun tuilleadh feabhais a chur ar an **gcreat reachtach** maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear bearta in earnáil fhorfheidhmiú an dlí, agus **neamhspleáchas** Ghníomhaireacht na hAirméine um Chosaint Sonraí Pearsanta agus **a cumas** faireachán a dhéanamh ar shaincheisteanna cosanta sonraí agus aghaidh a thabhairt orthu **a neartú**.

— Ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a áirithiú a thuilleadh agus reachtaíocht a achtú i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus Chomhairle na hEorpa. A ráthú go n-urramófar **an ceart chun sonraí pearsanta a chosaint** san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint d'**acmhainneacht na Gníomhaireachta um Chosaint Sonraí Pearsanta** a neartú agus ardleibhéal cosanta do shonraí pearsanta a áirithiú.

2.2.2 *An Imirce, Tearmann agus Bainistiú Comhtháite Teorainneacha*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint den **Chomhaontú um Eisiúint Víosaí a Éascú idir an tAontas agus an Airméin** agus den **Chomhaontú um Athligean Isteach idir an tAontas agus an Airméin** a chur chun feidhme go héifeachtach, mar a thuairiscítear sna Comhchoistí sonracha a bunaíodh de bhun na gcomhaontuithe sin. Leanfaidh cur chun feidhme éifeachtach na gcomhaontuithe de bheith ina ghné bhunúsach den dul chun cinn san **idirphlé maidir le léirscaoileadh víosaí**.

— **Córas bainistithe imirce** na hAirméine a neartú a thuilleadh, arna oibriú ag an tSeirbhís Imirce agus Saoránachta san Aireacht Gnóthaí Baile agus i gcomhlachtaí eile a bhíonn ag déileáil leis an imirce. Beartais fhianaisebhunaithe imirce agus cosanta Dídeanaithe a áirithiú, agus a áirithiú go bhfuil na córais agus na cleachtais atá i bhfeidhm i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus le caighdeáin an Aontais. Oibreoidh an dá thaobh i gcomhar le chéile chun réitigh dhigiteacha nuálacha a ghlacadh i mbainistiú na himirce.

— Oibriú i gcomhar chun **straitéis náisiúnta bainistithe imirce** a ghlacadh maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat dlíthiúil ábhartha agus lena phlean gníomhaíochta a chur chun feidhme go héifeachtach.

— An comhar oibríochtúil a neartú chun an **líon iarratas gan bhunús ar thearmann** arna dtaisceadh ag náisiúnaigh na hAirméine i mBallstáit an Aontais **a laghdú go mór**.

— Leanúint de bhearta iomchuí a dhéanamh chun **aghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na himirce neamhrialta** ón Airméin chuig Ballstáit an Aontais, lena n-áirítear iarrachtaí chun mí-úsáid a víosaí nó a n-iarratas ar thearmann ag roinnt saoránaigh Airméanacha chun cóir leighis a fháil a sheachaint trí earnáil sláinte poiblí na hAirméine a neartú agus trí fheasacht an phobail ar na forbairtí sin a mhúscailt.

— Leanúint den **chóras tearmainn** a neartú, i gcomhréir go hiomlán le caighdeáin idirnáisiúnta agus leis an leibhéal is airde cosanta do chearta an duine, ag tosú le *non-refoulement* agus caighdeáin ghlactha leordhóthanacha.

— An comhar agus an t-idirphlé a neartú maidir le réimsí éagsúla imirce i gcomhthéacs na **Comhpháirtíochta Soghluaisteachta** idir an tAontas agus an Airméin.

— Comhar oibríochtúil leis an **nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)** a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí shocrú nua oibre a chaibidil agus a shíniú le húdaráis bainistithe teorainneacha na hAirméine. D'fhéadfadh socrú nua oibre foráil a dhéanamh maidir le comhar oibríochtúil níos fearr, malartú dea-chleachtas agus breathnóirí, oiliúint agus malartú faisnéise lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chreat EUROSUR.

— **Bainistiú Comhtháite Teorainneacha (IBM)** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, inter alia trí acmhainneachtaí a neartú, lena n-áirítear anailís riosca a bhaineann le bainistiú teorainneacha.

— Leanúint de bheith rannpháirteach go gníomhach i **nGréasán Imirce na hEorpa (EMN)** mar thír bhreathnóireachta agus faisnéis maidir le himirce agus tearmann a mhalartú go héifeachtúil idir Ballstáit an Aontais agus an Airméin sa ghréasán. As seo amach, leanfaidh Gréasán Imirce na hEorpa de thacaíocht a thabhairt do chaighdeánú ar bhailiú sonraí imirce agus de chomhoibriú leis an Airméin chun sonraí maidir le himirce staidrimh a mhalartú agus a anailísiú a thuilleadh.

— Tuairisciú ar na feabhsuithe ar an **anailís a dhéantar ar shonraí maidir leis an imirce** agus tuairisciú ar mheasúnú riosca.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Bealaí níos éifeachtaí a fhorbairt chun **imirce chiorclach agus dhleathach** a thairiscint, agus an reachtaíocht náisiúnta agus na hinniúlachtaí atá ann cheana á n-urramú ag an am céanna, agus urraim iomlán á tabhairt freisin do chearta daonna na n-oibrithe imirceacha uile.

— Cur chun feidhme **straitéisí cuimsitheacha imirce agus mórphlódaithe** na hAirméine a áirithiú.

— Rolladh amach **pasanna bithmhéadracha** a thabhairt isteach de réir a chéile i gcomhréir iomlán leis na caighdeáin agus na cleachtais mholta is airde de chuid EESI, lena n-áirítear é sin a dhéanamh ag consalachtaí na hAirméine ar an gcoigríoch.

2.2.3 *Forfheidhmiú an dlí*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint den chlár oibre um **athchóiriú póilíneachta** a chur chun feidhme trí shláine, trédhearcacht, cuntasacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht na bpóilíní a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chlár oideachais na hAirméine.

2.2.4 *An Comhrac in aghaidh na Coireachta Eagraithe*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leas iomlán a bhaint as an Socrú Oibre le **Europol** agus é a chur chun feidhme go héifeachtach chun feabhas a chur ar an gcomhrac in aghaidh na coireachta eagraithe.

— Feabhas a chur ar an gcomhar idir údaráis na hAirméine lena n-áirítear an Aireacht Gnóthaí Baile agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (**CEPOL**).

— Feabhas a chur ar rannpháirtíocht ghníomhach na hAirméine i **dtionscnaimh réigiúnacha uile an Aontais** arb é is aidhm dóibh an t-éilliú agus an choireacht eagraithe a laghdú i dtíortha Chomhpháirtíocht an Oirthir.

— Leanúint de bhearta éifeachtacha a dhéanamh chun creat dlíthiúil na hAirméine a ailíniú a thuilleadh leis an bPrótacal chun **Gáinneáil ar Dhaoine**, go háirithe ar Mhná agus ar Leanaí, a Chosc, a Chur faoi Chois agus Pionós a ghearradh ina leith, leis an bPrótacal in aghaidh **Smuigleáil Imirceach** ar Tír, ar Muir agus san Aer, agus le caighdeáin an Aontais agus Chomhairle na hEorpa. Aghaidh a thabhairt ar na moltaí ó Ghrúpa Saineolaithe Chomhairle na hEorpa um Ghníomhaíocht in aghaidh na Gáinneála ar Dhaoine (GRETA), go háirithe maidir le gáinneálaithe a ionchúiseamh agus maidir le cosaint agus rochtain ar cheartas d'íospartaigh.

— Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtacht cásanna gáinneála ar dhaoine **a shainaithint agus a imscrúdú go réamhghníomhach**, ag díriú ar chodanna den daonra atá leochaileach nó atá i mbaol gáinneála.

— Leanúint den **chibearchoireacht** a chosc agus a chomhrac go héifeachtach agus straitéis nó plean gníomhaíochta tiomnaithe a ghlacadh sa réimse sin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhar idirnáisiúnta treisithe leis an Aontas agus le Comhairle na hEorpa.

— Dlús a chur le cur i bhfeidhm Choinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir le **Leanaí a Chosaint ar Theacht i dTír Gnéasach agus ar Mhí-Úsáid Ghnéasach**.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Oibriú i gcomhar i gcomhthéacs an Ardáin Eorpaigh Ildisciplínigh in Aghaidh Bagairtí Coiriúla (**EMPACT**).

— Dlús a chur le hiarrachtaí sa chomhrac in aghaidh na cibearchoireachta chun go bhforbrófar creat cuimsitheach dlí agus institiúideach i gcomhréir le **Coinbhinsiún Bhúdaipeist**.

2.2.5 *Drugaí Aindleathacha a Chomhrac*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Beartais chothroma a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh **dul i ngleic leis an ngáinneáil ar dhrugaí**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhar treisithe idirghníomhaireachta agus idirnáisiúnta.

— Leanúint den chomhar maidir le drugaí a chosc, trí bheartais na hAirméine maidir le drugaí a ailíniú go hiomlán le seasaimh an Aontais, agus leanúint den **straitéis maidir le drugaí** agus d'fheidhmiú na struchtúr institiúideach inniúil a chur chun feidhme.

— **Dlúthchomhar** a choinneáil ar bun le Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (**EUDA**), an Lárionad Faireacháin Eorpach um Dhrugaí agus um Andúil i nDrugaí (EMCDDA) mar a bhí roimhe seo chun faisnéis ábhartha bhailí a mhalartú.

— Leanúint **d'fheabhas a chur ar acmhainneacht** ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí na hAirméine i réimse na gáinneála ar dhrugaí a chomhrac, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun líonraí gáinneála ar dhrugaí ar líne a chomhrac.

— Leanúint d'fheabhas a chur **ar chomhordú agus ar chúnamh dlíthiúil frithpháirteach** in imscrúduithe ar chásanna gáinneála ar dhrugaí.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint de **chur chuige cothrom comhtháite** a áirithiú maidir le saincheisteanna drugaí chun go mbeidh córais in ann déileáil leis na hiarmhairtí sláinte agus sóisialta a bhaineann le húsáid drugaí, cosc níos éifeachtaí ar úsáid drugaí a áirithiú agus soláthar drugaí aindleathacha, gáinneáil orthu agus an t-éileamh orthu a laghdú.

2.2.6 *An sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Acmhainneacht na hAirméine a neartú chun **imscrúduithe airgeadais** a dhéanamh go héifeachtach, lena n-áirítear imscrúduithe airgeadais comhthreomhara ar chásanna den choireacht eagraithe ar bhonn córasach, agus torthaí nithiúla a bhaint amach as a dtiocfaidh ionchúisimh, ciontuithe agus coigistiú sócmhainní coiriúla, lena n-áirítear sócmhainní fíorúla, d'fhonn líonraí coireachta eagraithe agus sciúradh airgid a chomhrac.

— Leanúint den chomhar le Comhairle **na hEorpa, MONEYVAL, agus le húdaráis ábhartha i mBallstáit an Aontais** maidir le frithsciúradh airgid agus maoiniú frithsceimhlitheoireachta.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint den **chreat dlíthiúil agus institiúideach** a fhorbairt a thuilleadh chun sciúradh airgid agus maoiniú sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear, i gcás inar féidir agus inarb ábhartha, é sin a dhéanamh trí bhíthin comhfhogasú le dlí an Aontais sna réimsí sin.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil maidir le **coigistiú, aisghabháil sócmhainní agus bainistíocht sócmhainní** trí bhíthin cumarsáid éifeachtach agus malartú dea-chleachtas idir údaráis na hAirméine agus Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní an Aontais.

2.3 ***Beartas Eachtrach agus Slándála***

Cuirfear tuilleadh feabhais ar an **idirphlé polaitiúil agus ar an gcomhar polaitiúil** maidir le Comhbheartas Eachtrach agus Slándála (**CBES**) an Aontais, lena n-áirítear idirphlé agus comhar maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (**CBSC**). Leis an gcomhar sin, tabharfar aghaidh ar an tslándáil réigiúnach, ar athchóiriú na hearnála slándála, ar shaincheisteanna bainistithe géarchéime, ar an bhfrithsceimhlitheoireacht, ar an gcibearshlándáil agus ar bhagairtí hibrideacha, lena n-áirítear dul i ngleic le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, agus ailíniú le gealltanais maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil á áirithiú ag an am céanna.

Beidh an comhar bunaithe ar **luachanna coiteanna**, lena n-áirítear an tiomantas do chuspóirí agus do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí de chuid ESCE. Beidh sé d'aidhm aige cur le comhleanúnachas agus éifeachtacht beartas, úsáid a bhaint as fóraim dhéthaobhacha, iltaobhacha agus réigiúnacha agus seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, ar bhonn an dlí idirnáisiúnta.

2.3.1. *Normalú an chaidrimh sa réigiún*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint **d'iarrachtaí an Aontais** agus é mar aidhm acu **síocháin inbhuanaithe mharthanach dhíniteach** a bhaint amach idir an Airméin agus an Asarbaiseáin, bunaithe ar phrionsabail an aitheantais fhrithpháirtigh don cheannasacht, don iomláine chríochach agus do dhosháraitheacht na dteorainneacha, i gcomhréir le Dearbhú Almaty 1991.

— Tacú le cur chun feidhme iomlán láithreach éifeachtach na n-orduithe ábhartha uile ón **gCúirt Bhreithiúnais Idirnáisiúnta**.

— Leanúint de bheith ag moladh go scaoilfí saor **príosúnaigh Airméanacha agus daoine eile atá á gcoinneáil**, agus iarrachtaí a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar **shaincheisteanna daonnúla** atá ar feitheamh, lena n-áirítear cinniúint na ndaoine atá ar iarraidh agus fuadaigh éigeantacha, mar **bhearta cothaithe muiníne**.

— Leanúint de thacaíocht a thabhairt do **normalú iomlán an chaidrimh** idir **an Airméin agus an Tuirc** agus cur chun feidhme comhaontuithe ar thángthas orthu cheana a spreagadh i dtreo oscailt iomlán na teorann idir an dá stát, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí idirphlé polaitiúil tráthrialta agus trí rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara ábhartha.

— Tacú le **nascacht iompair réigiúnach** chuimsitheach sa réigiún faoi cheannasacht agus faoi dhlínse náisiúnta na dtíortha, agus i gcomhréir le prionsabail an chomhionannais agus na cómhalartachta chomh maith, atá ina mbonn taca freisin faoi **thionscadal** na hAirméine um **'Chrosbhóthar na Síochána'**.

— Oibriú chun príomhshruthú inscne agus **rannpháirtíocht iomlán, chomhionann, éifeachtach agus fhóinteach na mban** a áirithiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht na mban atá buailte ag an gcoinbhleacht agus ionadaithe na sochaí sibhialta, i réiteach coinbhleachta agus i gcothú na síochána, agus sna hiarrachtaí athmhuintearais agus téarnaimh uile.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Oibriú i dtreo **bearta cothaithe muiníne** a bhunú idir an Airméin agus an Asarbaiseáin chun tacú le síocháin inbhuanaithe mharthanach agus le hathmhuintearas a sochaithe.

— Rannchuidiú le '**díbhinní síochána**' a chur i gcrích trí bhíthin tionscadail infheistíochta nascachta réigiúnacha san Airméin, lena n-áirítear é sin a dhéanamh de réir uaillmhianta chur chuige nua beartais réigiúnaigh na hAirméine atá ina mbonn taca faoin tionscnamh 'Crosbhóthar na Síochána', i gcomhréir le straitéis Global Gateway an Aontais.

2.3.2. *Comhar idirnáisiúnta agus réigiúnach agus comhar CBSC*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint den **Idirphlé Polaitiúil agus Slándála** a dhoimhniú, agus **comhairliúcháin thráthrialta slándála agus chosanta** a chur chun cinn.

— Féachaint ar bhealaí chun an **comhar slándála agus cosanta** a neartú a thuilleadh, rud a bhféadfadh comhar níos struchtúrtha a bheith mar thoradh air.

— Acmhainneacht oibríochtúil iomlán **Mhisean an Aontais san Airméin (EUMA)** a áirithiú, agus é mar chuspóir breathnú agus tuairisciú a dhéanamh ar an staid slándála feadh na teorann leis an Asarbaiseáin, rannchuidiú le slándáil an duine i limistéir san Airméin ina bhfuil coinbhleacht, agus muinín a chothú chun tacú leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa réigiún. Oibriú i dtreo láithreacht EUMA a choinneáil ar bun chomh fada agus is gá.

— Dul i gcomhar chun tacú le **hAthchóiriú Earnáil Slándála na hAirméine**, chun feabhas a chur ar a slándáil, a cobhsaíocht agus a hathléimneacht náisiúnta. Oibriú i gcomhpháirt chun feabhas a chur ar an timpeallacht slándála trí fheabhas a chur ar éifeachtacht agus ar chuntasacht na n-institiúidí slándála atá á rialú ag sibhialtaigh agus atá ag feidhmiú i gcomhréir le cearta an duine agus leis an smacht reachta. Díriú ar chomhar méadaithe idir na gníomhaithe éagsúla agus ról na sochaí sibhialta i sásraí maoirseachta a neartú.

— Féachaint le leanúint de thacaíocht a thabhairt don Airméin faoin **tSaoráid Eorpach Síochána** agus í a leathnú, mar ábhar tosaíochta. Leanúint den chomhar agus é mar aidhm leis sin feabhas a chur ar athléimneacht na hAirméine.

— Comhar a dhoimhniú maidir le **bagairtí hibrideacha** a chomhrac, lena n-áirítear dul i ngleic le **hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (FIMI)**, fothú acmhainneachta agus tacaíocht don Airméin a mheas chun creat cuimsitheach a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar bhagairtí hibrideacha, lena n-áirítear scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht tacú le hinstitiúidí atá tiomnaithe don tslándáil náisiúnta agus don athléimneacht in aghaidh bagairtí hibrideacha a bhunú agus a neartú.

— Rannchuidiú le feabhas a chur ar **chibear-athléimneacht** na hAirméine. Machnamh a dhéanamh ar fhothú acmhainneachta, ar chúnamh teicniúil ábhartha, ar mhalartú faisnéise, ar dhea-chleachtais agus ar shaineolas maidir le creataí beartais ar leith agus ar iarrachtaí praiticiúla comhair i bhfóraim iltaobhacha, lena n-áirítear ESCE agus na Náisiúin Aontaithe. Ina theannta sin, dul i gcomhar leis an Airméin chun dlíthe agus rialacháin chibearshlándála a fhorbairt atá i gcomhréir le príomhreachtaíocht an Aontais.

— Comhar praiticiúil a neartú maidir le coinbhleachtaí a chosc agus bainistiú géarchéime trí rannpháirtíocht na hAirméine in oibríochtaí agus misin shibhialtacha agus mhíleata bainistithe géarchéime faoi stiúir an Aontais a éascú, ar bhonn an **Chreat-Chomhaontaithe Rannpháirtíochta**.

— An comhar a neartú maidir le **hacmhainneachtaí straitéiseacha cumarsáide** a fhorbairt, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí athléimneacht an stáit agus na sochaí i leith na bréagaisnéise a chomhdhlúthú, tacú le saoirse agus iolrachas na meán a neartú; creataí praiticiúla comhair a leathnú agus a éagsúlú chun an tsochaí shibhialta, gníomhaithe stáit agus institiúidí atá ag obair sa réimse sin a chur san áireamh.

— Na malartuithe saineolaithe earnála is gá agus an comhar leis an **gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint** agus le hinstitiúidí agus comhlachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais a áirithiú.

— Comhar déthaobhach agus réigiúnach a chur chun cinn maidir le **saincheisteanna leathana slándála**, amhail **bainistíocht na himirce neamhrialta, bainistiú teorainneacha**, cosaint agus athléimneacht an **bhonneagair chriticiúil**, an comhrac in aghaidh na **coireachta eagraithe**, lena n-áirítear smuigleáil, gáinneáil ar dhaoine agus gáinneáil aindleathach earraí (lena n-áirítear drugaí, airm thine agus ábhair bhitheolaíocha cheimiceacha raideolaíocha agus núicléacha (CBRN)) a chomhrac. Oiliúint na foirne iomchuí a spreagadh, lena n-áirítear go háirithe trí Thionscnamh Ionad Barr Feabhais CBRN an Aontais agus trína Rúnaíocht Réigiúnach Oirdheisceart agus Oirthear na hEorpa agus rannpháirtíocht chomhlachtaí na hAirméine a fheabhsú maidir le tionscadail chomhair um bainistiú comhpháirteach teorainneacha faoi chlár Interreg Imchuach na Mara Duibhe.

— Oibriú chun **ailíniú na hAirméine** le **dearbhuithe, cinntí agus gníomhaíocht CBES an Aontais** a mhéadú, chomh maith le feabhas a chur **ar an gcomhar agus ar an tacaíocht fhrithpháirteach i bhfóraim iltaobhacha**.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Urraim chomhpháirteach a chur chun cinn do phrionsabail na **ceannasachta, iomláine chríochach agus dosháraitheacht teorainneacha**, mar a bhunaítear i gCairt na Náisiún Aontaithe agus in Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí ESCE, lena n-áirítear ailíniú na hAirméine le cinntí agus dearbhuithe CBES an Aontais agus le comhar i bhfóraim iltaobhacha, de réir mar is iomchuí.

2.3.3. *Frithsceimhlitheoireacht, neamhleathadh arm ollscriosta agus onnmhairiú neamhdhleathach arm*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Dul i gcomhar chun **cur i gcoinne leathadh arm ollscriosta** agus na modhanna lena seachadtar iad trí na hoibleagáidí atá ar na Páirtithe cheana faoi chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le dí-armáil agus neamhleathadh, agus oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha eile, a chomhlíonadh agus a chur chun feidhme go hiomlán.

— Leas iomlán a bhaint as an socrú oibre idir údaráis inniúla **na hAirméine agus Europol**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trína chur chun feidhme iomlán a áirithiú, tríd an Meabhrán Tuisceana maidir le líne shlán a bhunú (SIENA) agus tríd an gComhaontú Idirchaidrimh a shínigh siad araon in Eireaván i mí an Mheithimh 2023. D'fhágfadh sé sin go bhféadfaí an malartú faisnéise a uasmhéadú i roinnt mhaith réimsí coireachta leasa choitinn, go háirithe maidir leis an sceimhlitheoireacht agus leis an gcoireacht thromchúiseach, lena n-áirítear maidir le heagraíochtaí sceimhlitheoireachta, grúpaí coireachta eagraithe, a ngníomhaíochtaí (lena n-áirítear maidir le cibearchoireacht agus coireacht airgeadais agus eacnamaíoch) agus a líonraí tacaíochta, chomh maith le gáinneáil ar dhrugaí.

— Leas iomlán a bhaint as an socrú oibre idir an Airméin agus **Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí** (CEPOL), agus deiseanna a uasmhéadú chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí CEPOL, lena n-áirítear mar chuid de thionscadail réigiúnacha fothaithe acmhainneachta.

— Leanúint de chaighdeáin an **Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (FATF)** a chur i bhfeidhm, leanúint d'fheabhas a chur ar éifeachtacht a chórais frithsciúrtha airgid agus a chórais chun maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac (córas AML/CTF).

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Dul i gcomhar chun go ndoimhneofar an comhdhearcadh idirnáisiúnta ar **chomhrac** bunaithe ar chearta an duine **in aghaidh na sceimhlitheoireachta**, lena n-áirítear comhdhearcadh ar an sainmhíniú dlíthiúil ar chionta sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chomhaontú a chur chun cinn maidir le sainmhíniú athbhreithnithe ar chionta sceimhlitheoireachta i gCoinbhinsiún Chomhairle na hEorpa maidir leis an sceimhlitheoireacht a chosc.

— Leanúint de Rún (UNSCR) 2396 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, agus, go háirithe, **faisnéis a chomhroinnt maidir le hamhrastaigh sceimhlitheoireachta**, chun go ndéanfar trodaithe eachtracha sceimhlitheoireachta a shainaithint, a bhrath agus a ionchúiseamh.

— Dul i gcomhar maidir le **rialú** rioscabhunaithe **ag teorainneacha** chun sábháilteacht agus slándáil na n-earraí a allmhairítear, a onnmhairítear nó atá faoi bhealach a áirithiú.

— Dul i ngleic le trádáil aindleathach in **airm bheaga agus airm éadroma**, lena n-áirítear an t-armlón a ghabhann leo, faoi na comhaontuithe idirnáisiúnta agus na rúin atá ann cheana ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus faoi na gealltanais faoi ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme sa réimse seo.

— Leanúint den **chomhar maidir le rialú ar onnmhairiú gnáth-arm**, i bhfianaise Chomhsheasamh an Aontais maidir le rialú onnmhairithe teicneolaíochta míleata agus trealaimh mhíleata. Leanúint den chomhar leis an Aontas sa chomhrac in aghaidh gáinneáil ar airm agus i scriosadh stoc-charn.

— Leanúint de rannchuidiú le **cur chun feidhme na socruithe rialaithe arm** agus na socruithe gaolmhara cothaithe muiníne; gach ceann de thrí cholún an Chonartha maidir le Neamhleathadh Núicléach (NPT), chomh maith leis an gCoinbhinsiún maidir le hAirm Cheimiceacha (CWC), an Coinbhinsiún maidir le hAirm Bhitheolaíocha (BWC) agus oibleagáidí eile atá ann cheana faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha agus oibleagáidí idirnáisiúnta eile.

2.4 ***Comhar Eacnamaíoch agus Earnála***

Rachaidh an tAontas agus an Airméin i gcomhar le chéile chun **nascacht fuinnimh, dhigiteach agus iompair a neartú, chun aistriú chuig an aeráidneodracht agus chuig an tslándáil fuinnimh**, agus chun athchóirithe struchtúracha a chur chun cinn, lena n-áirítear athchóirithe maidir le gnéithe rialála agus sábháilteachta. Tríd an éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn, fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint agus a úsáid, an eangach leictreachais a nuachóiriú, agus feabhas a chur ar nascacht fuinnimh réigiúnach, neartófar slándáil fuinnimh na hAirméine a thuilleadh, agus laghdófar astaíochtaí gás ceaptha teasa na hAirméine an tráth céanna. I gcomhréir lena ngealltanais idirnáisiúnta, go háirithe faoi Chomhaontú Pháras, oibreoidh siad le chéile chun an aeráidneodracht, an t-oiriúnú comhshaoil agus aeráide agus an athléimneacht a bhaint amach trí gheilleagar atá nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní, dícharbónaithe agus ciorclach a chur chun cinn. Rachaidh siad i gcomhar freisin chun na spriocanna sin a chur chun cinn sna **fóraim iltaobhacha ábhartha**. Neartófar a thuilleadh an comhar maidir le cosc tubaistí, ullmhacht agus freagairt. Tríd an Ardán Comhordúcháin Infheistíochta idir an tAontas agus an Airméin leanfar den obair chomhpháirteach chun **tionscadail infheistíochta straitéiseacha** faoin Global Gateway a shainaithint agus dlús a chur leo.

2.4.1. *Nascacht iompair*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Chun feabhas a chur ar nascacht aeir, an **Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta** a síníodh in 2021 agus a dhaingnigh an Airméin i mí Eanáir 2023 a chur i bhfeidhm ó thaobh riaracháin de, mar a comhaontaíodh sa Mheabhrán Comhairliúchán a síníodh in 2017.

— Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil d'acmhainneacht **maoirseachta aersháibháilteachta** na hAirméine trí bhearta tacaíochta ábhartha, lena n-áirítear bearta faoi chláir dhéthaobhacha agus réigiúnacha arna gcistiú ag an Aontas.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar leibhéal **an chomhchuibhithe rialála** le reachtaíocht eitlíochta an Aontais, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhar le Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) agus le gníomhaireachtaí Bhallstáit an Aontais agus cúnamh teicniúil uathu.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre trí bhíthin cur chuige ildisciplíneach lena ndírítear ar chosc agus ar fhorfheidhmiú. **Straitéis náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre** agus **plean gníomhaíochta** comhfhreagrach a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear go háirithe iarrachtaí chun caighdeáin sábháilteachta an bhonneagair bóthair a fheabhsú. Páirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí Fhaireachlann Réigiúnach Chomhpháirtíocht an Oirthir um Shábháilteacht ar Bhóithre (RSO) atá lonnaithe in Tbilisi.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Tuilleadh feabhais a chur ar **an tsábháilteacht** ar fud na gcóracha iompair (aer, bóthar, iarnród).

— Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mbonneagar iompair, go háirithe trí na tionscadail tosaíochta arna gcomhaontú go comhpháirteach atá cuimsithe i bplean gníomhaíochta infheistíochta táscach an Ghréasáin Thras-Eorpaigh Iompair (**TEN-T**).

— Tacú a thuilleadh le cuimsiú na hAirméine i **ngréasáin iompair réigiúnacha** níos leithne, amhail an Chonair Iompair Thras-Chaispeach, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe, agus béim á leagan freisin ar acmhainneacht na hAirméine mar dhroichead idir réigiúin éagsúla, mar a chuirtear chun cinn sa tionscnamh 'Crosbhóthar na Síochána'.

— Féachaint ar **dheiseanna infheistíochta** sa nascacht iompair réigiúnach san Airméin, arna éileamh freisin le cur chuige nua na hAirméine maidir le beartas réigiúnach atá mar bhonn taca faoin tionscnamh 'Crosbhóthar na Síochána'.

2.4.2 *Fuinneamh*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Cur leis an gcomhar agus le hiarrachtaí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chláir a chur chun feidhme maidir le **héifeachtúlacht fuinnimh, fuinneamh in-athnuaite, bonneagar eangaí, idirnaisc thrasteorann, agus spleáchais soláthair a laghdú** maidir le teicneolaíochtaí ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe a chur in úsáid. Deiseanna le haghaidh tuilleadh comhair maidir le stóráil fuinnimh agus fuinneamh geoiteirmeach a bhreithniú.

— Leanúint de thacú leis an Airméin a bheith san áireamh i **dtionscadal cábla leictreachais na Mara Duibhe**.

— **Cur chun feidhme tráthúil na moltaí uile atá fágtha maidir le tástáil struis** a áirithiú chun an t-uasmhéid sábháilteachta a áirithiú fad atá Gléasra Cumhachta Núicléiche na hAirméine (ANPP) fós i bhfeidhm. Leanúint den mhalartú tráthrialta faisnéise maidir le stádas cur chun feidhme an phlean gníomhaíochta náisiúnta chun **feabhas a chur ar shábháilteacht núicléach** ANPP go dtí go mbeidh na gníomhaíochtaí uile curtha i gcrích.

— Straitéis, treochlár agus plean gníomhaíochta cuimsitheach a fhorbairt, le tacaíocht leanúnach ón Aontas, chun **Gléasra Cumhachta Núicléiche na hAirméine a dhíchoimisiúnú**, i gcomhréir le Straitéis Fuinnimh 2040 na hAirméine. I gcomhthráth, tacú le hiarrachtaí na hAirméine sábháilteacht núicléach a áirithiú fad atá Gléasra Cumhachta Núicléiche na hAirméine fós i mbun oibríochta, agus comhfhogasú a dhéanamh de réir a chéile le reachtaíocht Euratom maidir le sábháilteacht núicléach, bainistiú dramhaíola agus cosaint ar radaíocht, mar a gabhadh de láimh in CEPA, chomh maith le cloí le doiciméid idirnáisiúnta eile, amhail caighdeáin sábháilteachta núicléiche agus treoraíocht slándála IAEA.

— Ag an am céanna, a thabhairt ar aird go bhfuil an Airméin ag aistriú go seasta chuig acmhainneacht nua giniúna cumhachta núicléiche, arb é is aidhm di slándáil agus neamhspleáchas fuinnimh an náisiúin a fheabhsú.

— **Comhfhogasú reachtaíocht fuinnimh agus sábháilteachta núicléiche na hAirméine le *acquis* an Aontai**s a chur chun cinn de réir a chéile laistigh den tréimhse 2024 go 2029 i gcomhréir le CEPA agus i gcomhréir le Straitéis Fuinnimh 2040 na hAirméine.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint de na hiarrachtaí chun **earnáil fuinnimh na hAirméine a éagsúlú**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin tionscnaimh fuinnimh in-athnuaite.

— An comhar idir an **Comhphobal Fuinnimh** agus an Airméin a threisiú.

— Leanúint de thacaíocht a thabhairt don Airméin chun a **cultúr sábháilteachta núicléiche** a neartú agus bainistíocht fhreagrach agus shábháilte a dhéanamh ar bhreosla núicléach spíonta agus ar dhramhaíl radaighníomhach.

— Féachaint tuilleadh ar **dheiseanna infheistíochta** in earnáil an fhuinnimh le haghaidh shlándáil agus éagsúlú an tsoláthair agus na slándála fuinnimh ar an iomlán sa réigiún.

2.4.3 *Nascacht dhigiteach*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de **mhargaí digiteacha** idir an tAontas agus an Airméin agus le réigiún Chomhpháirtíocht an Oirthir **a chomhchuibhiú**. Tacú le cur chun feidhme **straitéis 2021-2025 maidir le digiteáil na hAirméine** lena gcumhdaítear ríomhrialachas, an geilleagar digiteach agus an tsochaí dhigiteach, agus dul i gcomhar chun treochlár straitéise nua a fhorbairt le haghaidh 2026-2030.

— **Digiteáil na nascachta iompair** a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear ríomh-lóistíocht, doiciméid iompair a dhigiteáil, agus tionscnaimh nascachta digití eile a mheas.

— Oibriú i dtreo **na nascachta digití** idir an tAontas agus an Airméin a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí rannpháirtíocht na hAirméine i dtionscadail Nascacht Dhigiteach na Mara Duibhe a mheas, i gcomhréir leis an gcolún 'Fás & Rathúnas' den Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le cur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe.

— Féachaint an bhféadfadh an Airméin a bheith rannpháirteach sa **Chlár don Eoraip Dhigiteach**.

— Dul i gcomhar chun an **straitéis chibearshlándála** a fhorbairt agus an acmhainneacht a fhorbairt chun í a chur chun feidhme, lena n-áirítear réitigh chun córais faisnéise a chosaint, agus bagairtí a bhrath agus a dhíothú go tráthúil.

— Féachaint an bhféadfaí Cibear-Idirphlé idir an tAontas agus an Airméin a chur ar bun.

— An comhar a dhoimhniú ar an leibhéal teicniúil agus ar an leibhéal rialála maidir le **hidir-inoibritheacht sonraí, malartú sonraí agus céannacht dhigiteach** mar phríomhchumasóirí chun feabhas a chur ar sheirbhísí digiteacha trasteorann leis an Aontas.

— Oibriú go dlúth chun tairbhí **an Mhargaidh Aonair Dhigitigh** a leathnú chuig an Airméin. Áirítear leis sin ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe leictreonacha a chur chun feidhme i gcomhréir le creat an Aontais um Chéannacht Dhigiteach agus dul chun cinn i dtreo comhaontú um aitheantas frithpháirteach maidir le seirbhísí iontaoibhe.

— **Féachaint** le geilleagar digiteach na hAirméine **a ailíniú** le caighdeáin an Aontais.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Tacú le hathbhreithniú agus feabhsú Dhlí na hAirméine maidir le Cumarsáid Leictreonach, i gcomhréir le acquis an Aontais sa réimse sin.

— Dlús a chur leis na hiarrachtaí comhpháirteacha maidir le tionscadail shuaitheanta a chur chun feidhme faoin Straitéis Global Gateway chun an t-aistriú digiteach a chothú.

2.4.4 *Tionscal Ardteicneolaíochta*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— **An comhar** sa tionscal ardteicneolaíochta **a chur chun cinn** de réir a chéile.

— Bearta a dhéanamh chun tús a chur leis an gcomhar leis an Aontas faoi chuimsiú **Chlár Spáis an Aontais**, a chomhpháirteanna agus a sheirbhísí chun dul i ngleic le hacmhainneacht eolaíoch na hAirméine chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda.

— Tionscnaimh atá ann cheana a ghiaráil agus a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais chun **tacú leis an nuálaíocht agus leis an bhfiontraíocht** a bhfuil an Airméin incháilithe dóibh (e.g. Cláir CNE, Haiceatóin CASSINI).

— Féachaint ar bhealaí chun comhar a spreagadh maidir le **nascacht satailíte** ar bhonn tráchtála.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Malartú maidir le **caighdeáin tionscail ardteicneolaíochta a chomhchuibhiú** san Airméin agus feabhas a chur ar chomhlíontacht na hAirméine maidir le dea-chleachtais idirnáisiúnta.

— Malartú a dhéanamh maidir le hiarrachtaí na hAirméine chun **rialacháin maidir le IS agus teicneolaíocht aerárthaí gan foireann** a fhorbairt.

2.4.5 *An Comhshaol*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Feabhas a chur ar rialachas comhshaoil trí phríomhreachtaíocht maidir le **measúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol** a chur chun feidhme.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar an **gcreat dlíthiúil** ábhartha maidir le **bainistiú dramhaíola** agus na hacmhainní is gá a leithdháileadh chun reachtaíocht chuimsitheach maidir le **ceimiceáin** a fhorbairt.

— **Córas cuimsitheach bainistithe dramhaíola** a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil, i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha lena n-áirítear maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus trí shaoráidí nua a thabhairt isteach i gcomhréir le hord na réiteach dramhaíola.

— Leanúint de phríomhreachtaíocht uisce, cáilíochta aeir agus astaíochtaí tionsclaíocha a chur chun feidhme.

— Dul i gcomhar chun Spriocanna Domhanda Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a bhaint amach, lena n-áirítear NBSAP éifeachtach agus spriocanna náisiúnta bithéagsúlachta a ullmhú agus a chur chun feidhme roimh COP17.

— Leanúint de bheith ag obair tríd an gcoiste caibidlíochta idir-rialtasach chun ionstraim atá ceangailteach ó thaobh dlí a fhorbairt maidir le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht (i.e. Comhaontú Domhanda maidir le Plaistigh).

— Rialachas comhshaoil na limistéar atá faoi chosaint an dúlra go speisialta a neartú. Acmhainneacht na seirbhíse cosanta comhshaoil a fhorbairt chun deireadh a chur le gníomhaíochtaí lománaíochta neamhdhleathaí i bhforaoisí agus i limistéir atá faoi chosaint an dúlra go speisialta.

— Feabhas a chur ar bhainistiú inbhuanaithe foraoisí tríd an gCód Foraoise a chur chun feidhme.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leas iomlán a bhaint as acmhainneacht atá ag **geilleagar ciorclach aeráidneodrach** agus **beartais chuimsitheacha fáis** a fhorbairt sna hearnálacha ábhartha uile, e.g. trí phrionsabail an gheilleagair chiorclaigh a ionchorprú sa chóras náisiúnta bainistithe dramhaíola.

— Leanúint den cheart maidir le comhshaol glan sláintiúil a áirithiú, feabhas a chur ar na sásraí maidir le rochtain phoiblí ar **fhaisnéis ar an gcomhshaol agus rannpháirtíocht an phobail** i bpróisis chinnteoireachta maidir le cúrsaí comhshaoil, trí pháirt bhreise a thabhairt do na páirtithe leasmhara uile agus trí chomhoibriú leis an tsochaí shibhialta.

2.4.6 *Gníomhú ar son na hAeráide*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— **Rannchuidiú cothrom le dáta na hAirméine arna Chinneadh go Náisiúnta 2021-2030** le Comhaontú Pháras a chur chun feidhme. **Rannchuidiú arna Chinneadh go Náisiúnta iar-2030** atá nua uaillmhianach a ghlacadh roimh UNFCCC COP30.

— An **Plean Náisiúnta Oiriúnaithe** a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta.

— Mar **réamhchéim i dtreo praghsáil carbóin** san Airméin, an reachtaíocht is gá a fhorbairt maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ar leibhéal na suiteála chomh maith le leibhéal na foshuiteála, de réir mar is infheidhme, agus acmhainneacht riaracháin leordhóthanach a áirithiú chun í a chur chun feidhme.

— Glacadh tráthúil agus cur chun feidhme pras **Dhlí Aeráide na hAirméine** a áirithiú.

— Úsáid a bhaint as sonraí agus samhlacha **aeráide** oscailte AE Copernicus um **Fhaire na Cruinne**, feabhas a chur ar bheartais réamhaisnéise aimsire agus aeráide na hAirméine agus, an tráth céanna, rannchuidiú le sonraí meitéareolaíocha reatha agus stairiúla dílse.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Cur leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh faoi láthair agus a dhéanfar amach anseo, gníomhaíocht intíre a dhéanamh chun an Rannchuidiú nua arna Chinneadh go Náisiúnta tar éis 2030 a chur chun feidhme agus a bhaint amach agus chun an **straitéis fhadtéarmach forbartha íseal-astaíochtaí go dtí 2050** a chur chun feidhme faoi Chomhaontú Pháras, beartais agus bearta nithiúla a leagan síos sna hearnálacha uile, agus **iarracht a dhéanamh an aeráidneodracht a bhaint amach** faoi 2050. Gníomhú ar son na haeráide a phríomhshruthú i mbeartais agus i mbearta earnála agus inniúlacht údarás éagsúil a neartú chun gníomhú ar son na haeráide a chur chun feidhme thar earnálacha.

— Leanúint de Chúnant na Méaraí san Airméin a leathnú agus údaráis áitiúla a chumhachtú le gníomhú ar son na haeráide a spreagadh ar an leibhéal áitiúil.

— Ar bhonn creat láidir faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe, roghanna maidir le **praghsáil carbóin** a mheas.

— Dul i mbun gníomhaíocht intíre chun an **Gealltanas Domhanda maidir le Meatán** a chur chun feidhme agus rannchuidiú le hastaíochtaí meatáin domhanda a laghdú 30 % ar a laghad ó leibhéil 2020 faoi 2030.

— **Plean oiriúnaithe náisiúnta cuimsitheach** na hAirméine agus na straitéisí oiriúnaithe earnála a chur chun feidhme, trí na hacmhainneachtaí riachtanacha agus an t-aistriú teicneolaíochta is gá a fhorbairt, chun athléimneacht an gheilleagair agus na bpobal áitiúil in aghaidh an athraithe aeráide a neartú agus chun an riosca go dtarlóidh tubaistí de dheasca an athraithe aeráide a laghdú.

— Leanúint de bhearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar oibleagáidí na hAirméine faoi **Phrótacal Montréal**, lena n-áirítear Leasú Kigali. Ba cheart dlús a chur leis na hiarrachtaí sin d'fhonn ailíniú le Rialacháin an Aontais maidir le Gás Ceaptha Teasa Fluairínithe agus Substaintí Ídithe Ózóin a áirithiú. Bearta a dhéanamh maidir leis an **nGealltanas Fuaraithe Domhanda** a chur chun feidhme.

— An t-aistriú i dtreo iompar astaíochtaí nialasacha a chur chun cinn agus **tionscadail soghluaisteachta leictrí** a chur chun feidhme san Airméin.

2.4.7 *Sláinte Phoiblí*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Feabhas a chur ar cháilíocht agus ar inrochtaineacht an **chúraim sláinte phríomhúil** chun galair a chosc agus chun feabhas a chur ar chaighdeán na beatha, ag díriú ar dhaoine atá leochaileach.

— A oiread iarrachtaí is féidir a dhéanamh chun go n-aontóidh an Airméin don **Phrótacal ar mhaithe le Trádáil Aindleathach i dTáirgí Tobac a Dhíothú**.

— Leanúint de **Chlár Forbartha Cúraim Sláinte 2023-2026** a chur chun feidhme, lena n-áirítear gníomhaíochtaí Cáilíochta Cúraim agus an scéim árachais sláinte uilíoch a chur i bhfeidhm agus dul i gcomhar ar bhunú an Chiste Árachais Sláinte Uilíoch.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Rannpháirtíocht ghníomhach i **dtionscnamh Slándála Sláinte an Aontais** a áirithiú i gcomhpháirt leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC).

— An **straitéis sláinte mheántéarmach/fhadtéarmach le haghaidh cúrsaí mar atá tar éis COVID-19** a oiriúnú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí acmhainneacht na hAirméine a neartú maidir le hanailís/taighde eipidéimeolaíoch ar ráigeanna galar, samhaltú sonraí agus staidreamh, i gcomhréir leis an gcur chuige Aon Sláinte Amháin.

— .Beartais agus reachtaíocht rialaithe tobac a neartú, chomh maith lena bhforfheidhmiú dian, i gcomhréir le gealltanas na hAirméine acquis an Aontais a thrasuí agus a chur chun feidhme faoi **CEPA**, agus le hoibleagáidí na hAirméine faoin **gCreat-Choinbhinsiún maidir le Rialú Tobac**.

— Bailchríoch a chur ar iarratas na hAirméine maidir le ballraíocht sa **Chomhar Cigireachta Cógaisíochta (PIC)**.

2.4.8 *Cosaint Shibhialta*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint d'fheabhas a chur ar **chomhordú idirghníomhaireachta agus idir-aireacht**a agus cúnamh idirnáisiúnta á iarraidh agus á fháil (go háirithe, trí Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta).

— An **Dlí maidir le Bainistiú Riosca Tubaistí agus Cosaint Shibhialta** a ghlacadh.

— Leanúint leis na hiarrachtaí chun **Lárionad Glao/Bainistithe Éigeandála Aonair** a bhunú mar chuid den Aireacht Gnóthaí Baile chun éifeachtúlacht agus comhordú an phróisis freagartha éigeandála/teagmhas a fheabhsú.

— Na **Seirbhísí Tarrthála** a athchóiriú tuilleadh, lena n-áirítear an creat reachtach le haghaidh cosaint shibhialta agus beartas bainistithe riosca tubaistí (e.g. córas árachais tubaistí agus saorálaíocht) a bheachtú.

— Leanúint den **dea-chomhar** idir an tAontas agus an Airméin maidir le cosaint shibhialta, is é sin faoi na tionscnaimh maidir le tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dheasca an duine a chosc, ullmhacht agus freagairt dóibh.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Na **huirlisí de chuid Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta** a shainaithint a bhféadfadh an Airméin tairbhiú díobh, agus é mar aidhm an athléimneacht in aghaidh tubaistí a fhorbairt a thuilleadh.

— Leanúint de Straitéis agus Plean Gníomhaíochta na hAirméine maidir le **Bainistiú Rioscaí Tubaistí** a chur chun feidhme.

2.4.9 *Forbairt Eacnamaíoch agus Deiseanna Margaidh*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Athbhreithniú piaraí a dhéanamh ar **chóras staidrimh** náisiúnta na hAirméine in 2025.

— Leanúint de cheapadh beartas stuama chun an **chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch** a dhaingniú, agus staid fhioscach fhónta agus earnáil airgeadais chobhsaí á n-áirithiú go háirithe.

— Leanúint de thacaíocht a thabhairt **d'fhás eacnamaíoch inbhuanaithe agus cuimsitheach**.

— Leanúint d'fheabhas a chur ar **bhainistíocht airgeadais phoiblí**.

— Leanúint den dea-rialachas a choinneáil ar bun, lena n-áirítear neamhspleáchas **an bhainc ceannais** a chosaint.

— Leanúint de bhorradh a chur faoi **rochtain FBManna ar mhaoiniú**, lena n-áirítear trí infheistíochtaí faoin Straitéis Global Gateway, chun iomaíochas agus táirgiúlacht saothair na hAirméine a fheabhsú.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Féachaint ar rannpháirtíocht na hAirméine in ionstraimí cistiúcháin de chuid an Aontais atá dírithe ar **bhorradh a chur faoin bhfiontraíocht agus faoi iomaíochas gnólachtaí**, go háirithe FBManna.

— Bearta a dhéanamh chun tacsanomaíocht a fhorbairt le haghaidh maoiniú inbhuanaithe agus acmhainneachtaí institiúidí airgeadais le haghaidh éiceachórais airgeadais i gcomhréir le cuspóirí aeráidneodrachta agus comhshaoil.

— Tuilleadh feabhais a chur ar an **timpeallacht ghnó**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí dhul i ngleic leis an earnáil neamhfhoirmiúil.

— **Fiontraíocht** a chur chun cinn, agus **béim ar leith á leagan ar mhná agus ar an óige**, chun (i) forbairt straitéisí gnó a chothú, (ii) cruthú agus forbairt gnólachtaí nuathionscanta i réigiúin na hAirméine; agus (iii) na cláir luasghéaraithe agus ghoir.

— Táirgeadh agus scaipeadh **staidrimh** iontaofa a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh cinnteoireacht fhianaisebhunaithe.

— An **straitéis** náisiúnta **fostaíochta** a ghlacadh.

— Cur le trédhearcacht gníomhaíochtaí agus sreafaí airgeadais **cuideachtaí faoi úinéireacht stáit**.

2.4.10 *Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Aghaidh a thabhairt ar na bacainní atá fós ann maidir le haistriú go héifeachtach chuig **talmhaíocht ghlas agus inbhuanaithe**, lena n-áirítear trí na páirtithe leasmhara earnála ábhartha uile a bheith rannpháirteach sa phróiseas.

— A áirithiú go nglacfar **straitéis forbartha críochaí na hAirméine**, ag díriú ar fhorbairt chothrom.

— Leanúint den chomhar faoin gClár um Chumhachtú Áitiúil Gníomhaithe ar mhaithe le Forbairt (LEAD) chun **forbairt tuaithe** LEADER an Aontais (Naisc idir an geilleagar tuaithe agus gníomhaíochtaí forbartha) san Airméin a phíolótú chun sásraí a bhunú le haghaidh cistiú inbhuanaithe do Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (LAGanna).

Tosaíochtaí meántéarmacha

— An clár oibre maidir le **dílárú** a chur chun cinn, lena n-áirítear dílárú fioscach, agus acmhainneacht na n-údarás áitiúil a fhorbairt chun soláthar na seirbhísí poiblí uile i gceantair thuaithe a áirithiú, go háirithe sna háiteanna tuaithe is iargúlta.

— **Talmhaíocht aeráidchliste** a chur chun cinn agus a éascú i gcomhréir le treoirlínte maidir le cosaint an chomhshaoil, teicneolaíochtaí atá tíosach ar fhuinneamh agus dea-chleachtais talmhaíochta eile; táirgeadh, próiseáil agus stóráil táirgí talmhaíochta a nuachóiriú agus a fheabhsú; talmhaíocht atá táirgiúil agus inbhuanaithe araon a fhorbairt; agus tabhairt isteach teicneolaíochtaí saothraithe coigilte acmhainní, bainistíocht éifeachtach fhadtéarmach féarach a chur chun cinn chun táirgiúlacht, breisluach agus iomaíochas thalmhaíocht na hAirméine a mhéadú.

— An comhar a leathnú i réimse na **slándála bia** lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an reachtaíocht ábhartha a uasghrádú.

2.4.11 *Beartas comhtháthaithe*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de bheith rannpháirteach agus comhar a chothú laistigh de raon feidhme **chlár Interreg NEXT Imchuach na Mara Duibhe**, lena n-áirítear tacaíocht do chomhpháirtithe agus do pháirtithe leasmhara na hAirméine, chun cur chun feidhme tionscadal comhair maidir leis an ngeilleagar gorm, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide agus cosaint an chomhshaoil agus gníomhaíochtaí duine le duine a chumasú agus a éascú.

— **Acmhainneacht na gcomhlachtaí náisiúnta atá i mbun** comhordú agus cur chun feidhme Chlár Imchuach na Mara Duibhe Interreg NEXT ar leibhéal an chláir, agus acmhainneacht thairbhithe na hAirméine ar leibhéal an tionscadail a neartú chun cur i bhfeidhm chreat dlíthiúil an Aontais don chlár a áirithiú. Ba cheart a áireamh leis sin feabhas a chur ar acmhainneacht na rialaitheoirí náisiúnta chun go bhfeidhmeoidh córas bainistithe agus rialaithe an chláir mar is ceart.

— Feabhas a chur ar **chomhar na hearnála poiblí** i Limistéar Imchuach na Mara Duibhe, trí bhíthin tionscnaimh agus tionscadail chomhpháirteacha agus trí mhuinín agus iontaoibh a chothú ar fud na Mara Duibhe.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— An **clár oibre maidir le dílárú** a chur chun cinn agus acmhainneacht na n-údarás áitiúil a fhorbairt chun páirt a ghlacadh in ullmhú agus i gcur chun feidhme na gclár um chomhar críochach, i ndearadh, i bhfaireachán, i dtuairisciú, i measúireacht na gclár agus i mbainistiú fónta airgeadais chistí an Aontais.

2.4.12 *Cumarsáid straitéiseach*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Leanúint de dhul i gcomhar maidir le cur chun feidhme na n-athchóirithe, lena n-áirítear an t-athchóiriú ar '**Ailtireacht na Cumarsáide Straitéisí**'.

— An comhar a chur chun cinn chun feabhas a chur ar **infheictheacht** an chomhair idir an tAontas agus an Airméin, **luachanna comhroinnte** a chur chun cinn agus **tionchar** dearfach na comhpháirtíochta neartaithe idir an tAontas agus an Airméin ar fud earnálacha éagsúla a mhíniú.

— An comhar a neartú maidir le cumarsáid straitéiseach agus dul i ngleic le hionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis (**FIMI**), chun cur le muinín an phobail as institiúidí agus as cinnteoirí agus an comhtháthú sóisialta a neartú.

— Oibriú ar mhaithe le **spás faisnéise cumasúcháin**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thacú leis na meáin neamhspleácha agus chláir litearthachta sna meáin a chur chun feidhme, chomh maith le feabhas a chur ar fhorbairt ghairmiúil iriseoirí.

2.4.13 *Mianadóireacht agus Mianraí criticiúla*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— An comhar le **Seirbhís Geolaíochta na hEorpa** (EuroGeoSurveys) a neartú.

— Ballraíocht in EuroGeoSurveys a bhreithniú.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Oibriú i gcomhar le chéile chun faisnéis gheolaíoch na hAirméine atá ann cheana **a dhigiteáil** (EuroGeoSurveys),

— **Faisnéis dhigitithe a fhoilsiú ar líne**, i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha.

— Féachaint an bhféadfaí **modhanna cianbhraiteachta** na Seirbhíse Geolaíochta a úsáid chun an fhaisnéis atá ann cheana a fhorlíonadh agus chun measúnú a dhéanamh ar a hiontaofacht.

— Dul i gcomhar i réimse **an taighde gheolaíoch agus na taiscéalaíochta acmhainní mianraí**, agus béim á leagan ar amhábhair chriticiúla san Airméin, agus leis an bhféidearthacht modhanna agus uirlisí nua-aimseartha a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.

— Rannchuidiú le córas reatha tuairiscithe agus bainistíochta acmhainní nádúrtha na hAirméine **a chomhchuibhiú** le Creat um Aicmiú na Náisiún Aontaithe le haghaidh Acmhainní (UNFC).

— Faoi chuimsiú an bheartais dhomhanda maidir le haistriú de réir a chéile chuig **fuinneamh in-athnuaite**, dul i gcomhar chun fosuithe nua mianraí criticiúla a aimsiú, agus na cinn atá ann cheana a shaothrú.

2.4.14 *Turasóireacht*

Tosaíochtaí Gearrthéarmacha:

— Malartú dea-chleachtais agus comhroinnt taithí a éascú maidir le **turasóireacht fhreagrach chuimsitheach a fhorbairt**, lena n-áirítear cuir chuige i leith seirbhísí turasóireachta inrochtana agus uirlisí digiteacha.

— An comhar a neartú chun tacú le cinn scríbe, táirgí agus seirbhísí éagsúla turasóireachta **a shainaithint agus a chur chun cinn**.

— **Feabhas a chur ar an gcomhar** i measc páirtithe leasmhara turasóireachta, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, chun nuálaíocht agus iomaíochas a chothú i réimsí leasa choitinn.

Tosaíochtaí meántéarmacha:

— Tacú le **beartais agus straitéisí inbhuanaithe turasóireachta** a fhorbairt agus a chur chun feidhme, chun ailíniú leis an gConair Aistrithe don Turasóireacht chun éiceachóras turasóireachta níos athléimní agus níos digití a thógáil, agus aird á tabhairt ar inrochtaineacht agus ar chleachtais atá inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus ar chosaint na hoidhreachta cultúrtha.

— **Bacainní ar sheirbhísí taistil a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu**, rochtain ar an margadh a fheabhsú agus borradh a chur faoi shreafaí turasóireachta idir an dá réigiún, lena n-áirítear trí mhalartú eolais agus fothú acmhainneachta.

2.5 ***Trádáil agus Ábhair a Bhaineann le Trádáil***

Aontaíonn an tAontas agus an Airméin **go neartódh** cur chun feidhme éifeachtach ailíniú rialála CEPA **an trádáil** eatarthu agus go gcabhródh sé **le honnmhairí agus allmhairí na hAirméine a éagsúlú a thuilleadh**. Neartóidh siad freisin cur chun feidhme a ngealltanas a bhaineann le trédhearcacht i gceapadh beartas a bhaineann le trádáil, malartóidh siad faisnéis agus cuirfidh siad oiliúint ábhartha ar fáil.

2.5.1. *Custaim agus Trádáil in Earraí*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Oibriú le chéile chun **éagsúlú struchtúr onnmhairiúcháin na hAirméine** a mhéadú agus a éascú go suntasach, lena n-áirítear táirgí nua a onnmhairiú chuig margadh an Aontais.

— Leanúint de bheith ag dul i gcomhar go dlúth chun **teacht timpeall ar smachtbhannaí an Aontais a sheachaint**, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhíthin comhroinnt saineolais agus faisnéise.

— Leanúint de **staidreamh maidir le trádáil a mhalartú**.

— Obair leantach a dhéanamh ar iarraidh na hAirméine a bheith ina breathnóir sa **Choinbhinsiún maidir le Nós Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach**, agus leanúint dá chéile a thabhairt cothrom le dáta maidir le staidreamh earraí dé-úsáide agus maidir leis na forbairtí uile sa **reachtaíocht chustaim**.

— Luach eacnamaíoch na **laghduithe taraife a d'fhéadfadh a bheith ann** d'onnmhairí sonracha de chuid na hAirméine a shainaithint agus a mheasúnú. Oibriú le chéile chun **bacainní trádála neamhtharaife** a laghdú, mar shampla le bearta sláintíochta agus fíteashláintíochta (SPS) agus bacainní teicniúla ar thrádáil (TBTanna).

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint d'údaráis **chustaim na hAirméine a nuachóiriú** agus nósanna imeachta custaim a nuachóiriú agus a shimpliú, agus a áirithiú an tráth céanna go mbeidh bearta éifeachtacha frithchalaoise i bhfeidhm. Féachaint ar bhealaí a bhféadfaí an trádáil a éascú.

2.5.2 *Rialacháin Theicniúla, Caighdeánú agus Bonneagar Gaolmhar*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Bonneagar a fhorbairt chun **caighdeáin agus rialacháin theicniúla** a riar, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le treoraíocht ón Aontas.

— Feabhas a chur ar an gcomhar idir **comhlacht creidiúnaithe na hAirméine** agus comhlachtaí creidiúnaithe Eorpacha, lena n-áirítear oiliúint nó fothú acmhainneachta, i gcás inarb infheidhme.

— An comhar idir comhlacht **méadreolaíochta** na hAirméine agus na comhlachtaí Eorpacha méadreolaíochta a neartú.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Réimsí féideartha tacaíochta breise a shainaithint chun **ailíniú** le caighdeáin/rialacháin theicniúla an Aontais.

2.5.3 *Bearta Sláintíocha agus Fíteashláintíochta (SPS)*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Bearta a dhéanamh chun **an bonneagar, an córas agus an trealamh rialaithe sábháilteachta bia** a neartú tuilleadh, lena n-áirítear trí dhigiteáil agus trí mhachnamh a dhéanamh ar oiliúint do speisialtóirí a bhfuil baint acu le sábháilteacht bia, rialuithe tréidliachta agus fíteashláintíochta.

— Cur leis an gcomhar chun **onnmhairí éisc** na hAirméine chuig an Aontas a éascú agus bearta comhpháirteacha a dhéanamh chun obair leantach a dhéanamh ar iarraidh na hAirméine speicis nua a chur le liosta na dtáirgí iascaigh atá údaraithe lena n-onnmhairiú chuig an Aontas.

— Dul i gcomhar chun **córais luathrabhaidh** a fhorbairt san Airméin le haghaidh bia agus beatha, sláinte ainmhithe agus sábháilteacht sláinte plandaí.

— Bainistiú dramhaíola **lotnaidicídí** agus inrianaitheacht a chur chun cinn.

— Malartú maidir leis na ceanglais reachtacha le haghaidh **measúnuithe riosca** eolaíochtbhunaithe agus a gcur chun feidhme.

— Comhfhogasú reachtaíocht sábháilteachta bia na hAirméine a chur chun cinn d'fhonn **éagsúlú trádála táirgí agraibhia** a chur chun cinn.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Dul chun cinn a dhéanamh maidir le **húdarú táirgí breise bia** lena gcur chuig margadh an Aontais.

— **Feachtais faisnéise** a eagrú le gníomhaireachtaí, gnólachtaí, agus eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGOnna) ábhartha maidir leis na ceanglais le haghaidh rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais agus na feachtais sin a eagrú leis an tsochaí shibhialta chomh maith maidir leis na gnéithe ábhartha cosanta tomhaltóirí a bhaineann le bia agus sábháilteacht bia.

— **Cabhrú** le gnólachtaí na hAirméine **oiriúnú níos fearr** ionas gur féidir leo rochtain a fháil ar mhargadh an Aontais, ag díriú ar mhicrea-oibreoirí agus ar oibreoirí gnólachtaí bia beaga agus meánmhéide.

— Dul i gcomhar sa réimse **leasa ainmhithe** agus maidir le laghdú ar an úsáid a bhaintear as antaibheathaigh i dtáirgeadh ainmhithe chun bac a chur ar fhrithsheasmhacht antaibheathach.

— **Deimhnithe breise idir an tAontas agus an Airméin** a chur ar bun chun ceanglais allmhairiúcháin na hAirméine a dhéanamh níos trédhearcaí.

2.5.4 *Trádáil i Seirbhísí agus an Ríomhthráchtáil*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Faisnéis a mhalartú go tráthrialta maidir le comhfhogasú rialála na reachtaíochta maidir le **seirbhísí poist**, i gcomhréir le gealltanais CEPA.

— Faisnéis a mhalartú maidir leis an **Rialachán Intíre Seirbhísí**, mar a comhaontaíodh i dTionscnamh ábhartha an Ráitis Chomhpháirtigh EDT as ar eascair ballraíocht na hAirméine sa tionscnamh.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Dul i gcomhar chun **trádáil seirbhísí na hAirméine a leathnú**, go háirithe in earnálacha amhail teicneolaíocht faisnéise, airgeadas agus seirbhísí gairmiúla, trí fheabhas a chur ar an timpeallacht rialála agus tríd an ailíniú le caighdeáin agus reachtaíocht an Aontais a neartú.

— Faisnéis agus taithí a mhalartú maidir le saincheisteanna rialála a bhaineann **leis an ngeilleagar digiteach**.

2.5.5 *Cearta Maoine Intleachtúla (CMI)*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Forbairt **bhonneagar na dtásc geografach** agus na sásraí rialaithe cáilíochta comhfhreagracha a chur chun cinn chun cáilíocht cheart **bhranda na hAirméine** a áirithiú. Margaíocht i margaí nua a chur chun cinn chun éagsúlú onnmhairí bhranda na hAirméine a áirithiú.

— A áirithiú go mbeidh ardleibhéal cosanta agus forfheidhmithe **CMI** ag sealbhóirí ceart an Aontais agus na hAirméine araon. Feabhas a chur ar fhorfheidhmiú CMI, faisnéis a bhailiú maidir le sáruithe maoine intleachtúla agus é a chomhroinnt leis an Airméin.

— Bearta éifeachtacha a dhéanamh in aghaidh **an ghóchumtha agus na píoráideachta**, lena n-áirítear faisnéis staidrimh fúthu a tháirgeadh, a bheidh le comhroinnt idir an tAontas agus an Airméin.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Feasacht an phobail a mhéadú maidir le **cosaint agus úsáid maoine intleachtúla** agus idirphlé éifeachtach a áirithiú idir na sealbhóirí ceart agus na húsáideoirí.

2.5.6 *Trádáil agus an Forbairt Inbhuanaithe*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— An treochlár maidir le **Trádáil agus an Fhorbairt Inbhuanaithe** (TSD) a athbhreithniú agus a ghlacadh, lena n-áirítear tosaíochtaí sonracha cur chun feidhme agus leanúint dá chur chun feidhme.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Leanúint de chur chun feidhme éifeachtach **na gComhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil agus na gCoinbhinsiún Aeráide** a shaothrú sa dlí agus sa chleachtas.

— Éifeachtacht chur chun feidhme an Choinbhinsiúin maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fána agus Flóra Fiáine i mBaol (**CITES**) a neartú a thuilleadh, go háirithe i gcás speicis a ndéantar líon mór díobh a thrádáil leis an Aontas.

— Soláthar agus formhaoirseacht **na gceart saothair** a neartú a thuilleadh i gcomhréir le coinbhinsiúin bhunúsacha EIS, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí fheabhas breise a chur ar an gcigireacht saothair agus ar na comhairliúcháin thrípháirteacha.

— Leanúint den **idirphlé** maidir le cur chun feidhme na ngealltanas a bhaineann le trádáil agus forbairt inbhuanaithe, lena n-áirítear rannpháirtíocht páirtithe leasmhara.

2.5.7 *Soláthar Poiblí*

Tosaíochtaí meántéarmacha

— An **treochlár** soláthair phoiblí a chur chun feidhme a thuilleadh.

— Staitisticí a chomhroinnt maidir le feidhmiú **an chórais athbhreithnithe** ar sholáthar poiblí san Airméin.

— Faisnéis bheacht thráthúil a sholáthar maidir leis **an obair reachtach atá beartaith**e chun difear a dhéanamh don bheartas soláthair agus dá chur chun feidhme, maidir le forbairtí reachtacha agus maidir le hinstitiúidí soláthair phoiblí a chur ar bun araon.

— An **Dlí nua Soláthair Phoiblí** a athbhreithniú, a ghlacadh agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear ríomhsholáthar agus feabhsuithe ar an nós imeachta dúliostaithe.

— Bearta a thabhairt isteach chun an soláthar a dhéanamh **níos iomaíche** agus nósanna imeachta aonfhoinse a laghdú.

2.6 ***Teagmháil idir Daoine***

Rachaidh na páirtithe i gcomhar tuilleadh chun **na tairbhí don Airméin a uasmhéadú** a bhaineann lena rannpháirtíocht i dteagmhálacha duine le duine, lena n-áirítear mar thír chomhlachaithe sa chlár Fís Eorpach. Leanfaidh na páirtithe dá gcomhar gníomhach in Erasmus+, sa Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach, in Eoraip na Cruthaitheachta chomh maith le tionscnaimh réigiúnacha amhail EU4Youth, Eoraip na Cruthaitheachta, Ambasadóirí Eorpacha Óga, EU4Culture agus cláir eile oibre deonaí, comhair agus malartaithe faoi scáth Chomhpháirtíocht an Oirthir. Cuireann an tAontas agus an Airméin i dtábhacht an ról tábhachtach atá ag eagraíochtaí óige agus ag an **óige** maidir le sochaí shibhialta bhríomhar chuimsitheach a mhúnlú. Neartóidh na páirtithe an caidreamh cultúrtha freisin. Spreagfar tuilleadh comhair maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, go háirithe i gcomhthéacs Erasmus+, agus maidir le printíseachtaí agus foghlaim obairbhunaithe faoin gComhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí, a ndeachaigh an Airméin isteach ann i mí Dheireadh Fómhair 2023.

2.6.1 *Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— Dul i gcomhar maidir le hathchóirithe ar bheartais taighde agus nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear athbhreithniú a dhéanamh ar **an gcreat rialála le haghaidh taighde agus nuálaíochta** agus treochlár bonneagair taighde a fhorbairt don Airméin.

— **Straitéis náisiúnta maidir le taighde agus nuálaíocht** a ghlacadh . Glacadh agus cur chun feidhme an **Dlí** maidir le hArdoideachas agus Taighde a áirithiú.

— Leanúint den chomhar gníomhach faoin gComhaontú Comhlachais maidir le **Fís Eorpach**, agus rannpháirtíocht na hAirméine a fheabhsú, go háirithe rannpháirtíocht níos mó ón tionscal agus ón earnáil phríobháideach.

— Leanúint de rannpháirtíocht ghníomhach na hAirméine sa **Limistéar Eorpach Taighde (LET)** agus dá lánpháirtiú ann.

— Cur chun feidhme éifeachtach mholtaí **Shaoráid Tacaíochta Beartais 2020** agus an phlean gníomhaíochta lena mbaineann a áirithiú.

— Rannpháirtíocht i **nGníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie (GMSC)** a mhéadú chun é a chur ar a gcumas do thaighdeoirí na hAirméine a scileanna a fhorbairt ar bhealach a bheidh ag teacht le riachtanais mhargadh an tsaothair, chun nuáil a dhéanamh agus chun cuidiú le hacmhainneacht T&N na tíre a neartú agus chun comhpháirtíochtaí straitéiseacha idirnáisiúnta a éascú le haghaidh oiliúint agus malartuithe taighdeoirí idir an Airméin agus institiúidí AE.

— Rannpháirtíocht na hAirméine in ionstraimí cistiúcháin na **Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE)** a neartú tuilleadh chun a héiceachóras nuathionscanta a neartú, agus an tráth céanna rannchuidiú le forbairt eacnamaíoch inbhuanaithe, fiontraíocht na mban a chur chun cinn, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur i gcrích agus tosaíochtaí nuálaíochta ceannródaíocha a uas-scálú.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Dul i gcomhar ar chur chun feidhme **thionscadal na Cathrach Acadúla** mar choimpléasc braislí chun timpeallacht fhónta a chur ar fáil d'ardoideachas agus do thaighde ar ardchaighdeán chun borradh a chur faoin éiceachóras nuálach le haghaidh forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach.

— Acmhainní daonna, ábhartha agus institiúideacha a threisiú chun feabhas a chur ar **acmhainneachtaí taighde agus nuálaíochta**.

2.6.2 *Oideachas, Oiliúint agus an Óige*

Tosaíochtaí gearrthéarmacha

— **Clár Stáit na hAirméine um Fhorbairt an Oideachais go dtí 2030** agus an plean gníomhaíochta a ghabhann leis a chur chun feidhme go hiomlán, lena n-áirítear i réimsí an bheartais óige, an bhunoideachais, an mheánoideachais agus an ardoideachais, chomh maith le gairmoideachas agus gairmoiliúint agus foghlaim ar feadh an tsaoil.

— Torthaí píolótacha na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta agus na matamaitice (**ETIM**) a rolladh amach ar fud na tíre.

— Tar éis comhairliúchán cuimsitheach le daoine óga, an **Dlí maidir leis an Óige** a ghlacadh agus a chur chun feidhme go hiomlán, agus an taithí agus na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr á gcur i bhfeidhm.

— Rannpháirtíocht ghníomhach na hAirméine sa ghné idirnáisiúnta de **Erasmus+** a chur chun cinn chun soghluaisteacht mac léinn agus foirne a mhéadú, acmhainneachtaí institiúidí ardoideachais a fheabhsú agus an córas ardoideachais a nuachóiriú, chomh maith le tacú le hacmhainneachtaí na n-institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna. Feabhas a chur ar rannpháirtíocht na hAirméine sa **Chomhaontas Eorpach do Phrintíseachtaí**.

— Leanúint den chomhar leis an **bhFondúireacht Eorpach Oiliúna** a neartú.

— Rannpháirtíocht ghníomhach na hAirméine i**n Erasmus+** a chur chun cinn **chun soghluaisteacht na hóige a fheabhsú**, chun tacú leis an gcomhar idirnáisiúnta i réimsí na hóige agus an spóirt, agus chun acmhainneachtaí eagraíochtaí na hAirméine atá gníomhach sna réimsí sin a threisiú.

— Rannpháirtíocht na hAirméine sa **Chór Dlúthpháirtíochta Eorpach** a chur chun cinn chomh maith le cláir eile oibre deonaí, comhair agus malartaithe maidir le hoideachas, oiliúint agus an óige.

— Rannpháirtíocht ghníomhach na hAirméine **i gcláir agus i dtionscnaimh réigiúnacha Chomhpháirtíocht an Oirthir** amhail EU4Youth agus Ambasadóirí Óga na hEorpa a chur chun cinn.

— Leanúint den **idirphlé** leanúnach idir páirtithe leasmhara oideachais lena n-áirítear comhpháirtithe forbartha tríd an Idirphlé Beartais Straitéisigh tráthrialta idir an tAontas agus an Airméin maidir le hAthchóiriú Oideachais.

Tosaíochtaí meántéarmacha

— Tar éis an Dlí maidir leis an Óige a ghlacadh, **plean straitéiseach** comhordaithe **ar an leibhéal náisiúnta** maidir le saincheisteanna óige a ghlacadh agus a chur chun feidhme mar thosaíocht trasearnála.

— An ceart chun **oideachas ar ardchaighdeán** a áirithiú do chách, lena n-áirítear daoine ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, bearta breise a dhéanamh chun oideachas agus oiliúint chuimsitheach a chur chun cinn, i gcomhréir leis an straitéis oideachais.

— Rannpháirtíocht níos struchtúrtha **daoine óga san obair** a áirithiú, lena n-áirítear i bhfoirm comhpháirtíochtaí fostaíochta atá dírithe ar scileanna digiteacha do dhaoine óga faoi mhíbhuntáiste agus ar fhiontraíocht na hóige don gheilleagar aeráidneodrach.

— **Cláir cháilíochta** agus an siollabas ábhartha a thabhairt isteach sa ghairmoideachas agus sa ghairmoiliúint, lena n-áirítear fiontraíocht, agus faireachán a dhéanamh ar thabhairt isteach modúl le haghaidh príomhscileanna fiontraíochta.

— **Gairmeacha agus scileanna gairmoideachais agus gairmoiliúna** a sholáthraíonn institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna **a mheaitseáil** le héileamh mhargadh an tsaothair trína n-ailíniú le hearnálacha tosaíochta an gheilleagair agus na gclár forbartha réigiúnaí, agus tríd an bhfoghlaim obairbhunaithe a neartú.

— Feabhas breise a chur ar **cháilíocht an oideachais**, ar rochtain chomhionann air agus ar a **inbhuanaitheacht** (lena n-áirítear cistiú éifeachtúil do gach leibhéal oideachais), agus **oideachas seachfhoirmiúil agus foghlaim ar feadh an tsaoil** a spreagadh.

2.6.3 *Comhar sa Chultúr agus sa Spórt*

— Dul i gcomhar maidir le **beartais chultúrtha chuimsitheacha** a fhorbairt agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear i dtéarmaí a éagsúlachta agus a thraidisiún réigiúnach agus eitneach, agus a chuid tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, chun tacú leis an bhforbairt shocheacnamaíoch, leis an gcuimsiú socheacnamaíoch agus le rannpháirtíocht saoránach; lena n-áirítear mar chuid de chláir leanúnacha dhéthaobhacha agus réigiúnacha atá cistithe ag an Aontas.

— Rannpháirtíocht ghníomhach agus comhar sa chultúr a áirithiú le tacaíocht ó **chláir an Aontais**.

— Feabhas a chur ar rannpháirtíocht oibreoirí cultúrtha na hAirméine i gcláir um chomhar cultúrtha, go háirithe **Eoraip na Cruthaitheachta**. Obair a dhéanamh chun **reachtaíocht na meán** a ailíniú le Treoir 2010/13 ón Aontas maidir le seirbhísí meán closamhairc chun bheith in ann páirt a ghlacadh i snáithe na meán agus i sraitheanna trasearnála an chláir.

— Leanúint den chomhar atá dírithe ar **ghairmithe agus eagraíochtaí cruthaitheacha a chumhachtú** le hoideachas, scileanna fiontraíochta agus infheictheacht, chun tionscal cultúrtha inbhuanaithe rathúil a áirithiú san Airméin.

— Dul i gcomhar maidir le **beartas spóirt** a fhorbairt san Airméin trí dhea-chleachtais a mhalartú agus tríd an spórt a chur chun cinn mar ghné ríthábhachtach de stíl mhaireachtála shláintiúil.

— Rannpháirtíocht na hAirméine i ngníomhaíochtaí **spóirt Erasmus** agus i dtionscnaimh eile amhail Seachtain Eorpach an Spóirt a spreagadh.

— Reachtaíocht na hAirméine a ailíniú le **dea-chleachtais maidir le heitic sa spórt**.

2.6.4 *Comhar Closamhairc agus Meán*

Tosaíochtaí meántéarmacha

— **Neamhspleáchas na meán** agus **sábháilteacht iriseoirí** a neartú i gcomhréir le caighdeáin Eorpacha ábhartha, trí thuairimí a mhalartú maidir le saoirse na meán, beartas closamhairc agus na caighdeáin idirnáisiúnta ábhartha lena n-áirítear comhar sa chomhrac in aghaidh gríosú chun fuatha agus foréigin.

— **Dea-chleachtas** a mhalartú maidir le saoirse na meán, iolrachas na meán, lena n-áirítear maidir le díchoiriúlú an chlúmhillte, cosaint foinsí iriseora, agus gnéithe éagsúlachta cultúrtha na meán trí idirphlé tráthrialta.

— Úinéireacht na meán a dhéanamh níos **trédhearcaí**.

— Acmhainneacht agus neamhspleáchas **na n-údarás rialála/na gcomhlachtaí meán** a neartú.

Conclúid

Is **céim shuntasach chun cinn** é an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin sa chaidreamh idir an dá pháirtí. Cuireann sé le **bunchloch CEPA**, lena leagtar síos **tosaíochtaí uaillmhianacha** thar réimse leathan earnálacha. Is léiriú é an Clár Oibre ar **luachanna comhroinnte agus leasanna frithpháirteacha**, agus is léiriú é ar ghealltanas an Aontais agus na hAirméine **an comhar a dhoimhniú i ngach réimse**.

Gné lárnach den Chlár Oibre seo is ea an bhéim a leagtar ann **ar an dea-rialachas, ar chearta an duine agus ar an smacht reachta**. Is é is aidhm dó institiúidí na hAirméine a dhaingniú agus sochaí níos córa agus níos cothroime a chruthú i gcomhréir leis na caighdeáin Eorpacha is airde. Tá an fócas sin ríthábhachtach chun an bealach a réiteach don fhorbairt inbhuanaithe agus don dul chun cinn inbhuanaithe.

Is príomhcholúin den Chlár Oibre iad **an comhar eacnamaíoch, an t-éagsúlú trádála agus an nascacht freisin**. Trí bheith ag obair le chéile, is féidir leis an Aontas agus leis an Airméin deiseanna nua a chur ar fáil don fhás eacnamaíoch, poist a chruthú, leibhéal an rathúnais a ardú agus feabhas a chur ar an saol. Sa chomhthéacs sin, le tionscnamh na hAirméine um Chrosbhóthar na Síochána, leagtar béim bhreise ar acmhainneacht na hAirméine mar dhroichead idir réigiúin éagsúla, rud a chuireann nascacht réigiúnach chuimsitheach agus comhar chun cinn i gcomhréir le spriocanna straitéis Global Gateway an Aontais. Tá sé sin i gcomhréir freisin leis an gcolún 'Fás & Rathúnas' den Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir le chur chuige straitéiseach an Aontais i leith réigiún na Mara Duibhe.

Leis an gClár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin, tugtar aghaidh ar **dhúshláin shocheacnamaíocha** ríthábhachtacha, go háirithe cuimsiú sóisialta na mban agus na gcailíní agus na ndaoine atá i gcásanna leochaileacha, amhail Airméanaigh Charabaic a easáitíodh tar éis oibríocht mhíleata na hAsarbaiseáine.

Trí **chaidreamh trádála a neartú, beartais a bhaineann le trádáil a nuachóiriú agus a chomhfhogasú**, tá an tAontas agus an Airméin ag obair chun geilleagar na tíre a éagsúlú, infheistíochtaí a mhealladh, caighdeáin táirgí na hAirméine a fheabhsú, acmhainneachtaí onnmhairiúcháin a fheabhsú, agus deiseanna nua margaidh a chruthú. Leis an mbéim ar ailíniú rialála, go háirithe i nuachóiriú custaim, i gcaighdeáin theicniúla agus i rialacháin maidir le sábháilteacht bia, cuirtear i dtábhacht ról an Aontais maidir le tacú le rochtain na hAirméine ar mhargadh na hEorpa.

Tugtar tús áite sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin freisin don chomhar feabhsaithe maidir leis **an mbeartas eachtrach, slándála agus cosanta**, lena n-áirítear slándáil réigiúnach, bainistiú géarchéime, athchóiriú na hearnála slándála, cibearshlándáil agus cur i gcoinne bagairtí hibrideacha, rud a léiríonn gealltanas comhroinnte don athléimneacht, don chobhsaíocht agus don tsíocháin. Tá an comhar bunaithe ar luachanna coiteanna, lena n-áirítear an gealltanas do chuspóirí agus do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí ESCE.

Aithnítear sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin a thábhachtaí atá **soghluaisteacht agus teagmháil idir daoine, agus oideachas, taighde agus malartuithe nuálaíochta á gcur chun cinn**. Leis na malartuithe sin, éascófar soghluaisteacht níos fearr, cothófar tuiscint níos doimhne agus cruthófar naisc bhuana idir saoránaigh na hAirméine agus an Aontais.

Tá an tAontas tiomanta tacaíocht, saineolas agus dea-chleachtais a chur ar fáil don Airméin chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach, chomh maith le bheith ag obair le comhpháirtithe atá ar aon intinn chun na hionstraimí idirnáisiúnta atá ar fáil a shlógadh, i gcomhar leis na Ballstáit agus leis na hInstitiúidí Idirnáisiúnta Airgeadais. Is iarracht chomhroinnte é rath an Chláir Oibre Comhpháirtíochta sin. Chuige sin, beidh gá le **hidirphlé leanúnach, comhordú éifeachtach, agus toilteanas dul in oiriúint** do dhúshláin agus do dheiseanna nua.

Is léiriú é an Clár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin freisin ar **thoilmhianta Eorpacha mhuintir na hAirméine** agus ar **ghealltanas an Aontais tacú le** forbairt dhaonlathach, ceannasacht, iomláine chríochach agus athléimneacht shocheacnamaíoch **na hAirméine**. Molann an tAontas gealltanas na hAirméine do luachanna na hEorpa agus an mian atá aici a lánpháirtiú leis an teaghlach Eorpach a dhoimhniú.

Tá an chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin ag tráth cinniúnach. Leagtar amach sa Chlár Oibre Straitéiseach don Chomhpháirtíocht idir an tAontas agus an Airméin an fhís chomhroinnte atá againn don todhchaí, fís a léiríonn gealltanas comhroinnte don chobhsaíocht, don rathúnas agus don tsíocháin a chothú sa réigiún agus a bhfuil gealladh faoi maidir le tairbhí inbhraite. Trí oibriú le chéile, is féidir leis an Aontas agus leis an Airméin na spriocanna uaillmhianacha a leagtar amach sa Chlár Oibre seo a bhaint amach, rud a chruthóidh **todhchaí níos rathúla agus níos sláine do chách**.